



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE
BAILE ÁTHA CLIATH
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLLSCOIL
ÁTHA
CLIATH

DRÉACHT-THUARASCÁIL
BHLIANTÚIL 2010/11



AN CLÚDACH TOSAIGH TAOBH ISTIGH

Ba iad seo a leanas comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i rith na bliana acadúla 2010/11:

Comhaltaí Ex-Officio

An Propast, an Dr John Hegarty (Cathaoirleach)
An Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Patrick Prendergast
An Léachtóir Sinsearach, an Dr Aileen Douglas
An Cláraitheoir, an tOllamh Jürgen Barkhoff
An Sparánaí, an tOllamh Francis Boland

Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An tOllamh Shane Allwright (2008-2012)
An Dr Seán Barrett (2010-2014)
An tOllamh Robert Gilligan (2010-2014)
An Dr Nicola Marples (2010-2014)
An tOllamh John McGilp (2008-2012)
An tOllamh Eunan O'Halpin (2008-2012)
An tOllamh Henry Rice (2010-2014)
An tOllamh David Singleton (2008-2012)

Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

An Dr Melanie Bouroche (2010-2014)
Mary Coffey Uasal (2009-2012)
An tUasal William Dowling (2008-2012)
An Dr Hugh Gibbons (2010-2014)
An tOllamh Des O'Neill (2008-2012)

Foireann Thofa Neamhadúil

Noreen Murray Uasal (2010-2014)
An Dr Kieran J McGinley (2008-2012)
An tUasal Fred Cowzer (2012-2012)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na nIarchéimithe, Dearbhail Lawless Uasal (2010-2011)
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, an tUasal Nikolai Trigoub-Rotnem (2010-2011)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, Jennifer Fox Uasal (2010-2011)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, Stephanie Fleming Uasal (2010-2011)

Comhaltaí seachtracha

Olive Carmel Braiden, ainmnithe ag an gComhairle Ealaíon (2010-2014)
Jackie Gallagher, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (2010-2015)

I Láthair Ex-Officio

An Rúnaí, Anne FitzGerald Uasal
An Cisteoir, an tUasal Ian Mathews

Tá an cháipéis seo le fáil i bhformáid inrochtana ach í a iarraidh ag (ríomhphost: communications@tcd.ie)



	Réamhrá ón bPropast	3
1	Forbairtí Acadúla	
	- Rangú Ollscoileana Domhanda Times Higher Education & QS	5
	- Cáilíocht	5
	- Comhaontas Nuálaíochta & Acadamh Nuálaíochta TCD/UCD	5
2	Cúrsaí Oideachais	
	- Na Mic Léinn	6
	- Staitisticí Iontrála/Taispeántóirí Iontrála	6
	- Scoláireachtaí	6
	- An Curaclam – Cúrsaí Nua	7
	- Searmanais Tionscnaimh, Céad Onóracha agus Boinn Óir	7
	- Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide	7
	- Gradaim Teagaisc an Phropaist	8
3	Eispéireas na Mac Léinn	
	- Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	9
	- Gnóthachtálacha na Mac Léinn	9
4	Gníomhaíochtaí Taighde	
	- Téamaí Taighde	12
	- Maoiniú Taighde	12
	- Tionscnaimh Thaighde Nua	12
	- Naisc Thaighde le hInstitiúidí	13
	- Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim	15
5	Nuálaíocht agus Tráchtálaíocht	
	- Maoiniú Taighde & Maoin Intleachtúil	18
	- Fiontraíocht agus Nuálaíocht	18
6	Acmhainní Daonna	
	- Creat Rialaithe Fostaíochta	19
	- Foireann, Poist New Blood, Earcú Ollúna	19
7	Tionscnaimh Nua sa Choláiste	21
8	Clár Forbartha Caipítíl	
	- Tionscadail Curtha i gCrích	24
	- Tionscadail Tógála	25
	- Caomhnú Fuinnimh	26
9	Tiomsú Airgid	27
10	Staid Airgeadais	28
	Aguisín I	
	- An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011	30
	Aguisín II	
	- An Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011	31



RÉAMHRÁ ÓN BPROPAST



Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil seo síos ar staid an Choláiste agus leagann sí béim ar ár ngnóthachtálacha le linn na bliana acadúla 2010/11- bliain eile an-rathúil agus an-táirgiúil don Choláiste. Áirítear ar na príomh-gharspíocanna:

Taighde & Nuálaíocht

Tháinig méadú 96% go €109 milliún ar luach conarthaí taighde nua a síníodh i rith na bliana, a mbeidh tionchar acu ar an gcéad trí go ceithre bliana eile ó thaobh caiteachais taighde, i gcomparáid le luach €55 milliún na bliana roimhe. Fuarthas ioncam chun tacú le gníomhaíocht taighde mhaoinithe de €75 milliún i 2010/11. D'éirigh thar barr le comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide in éachtaí taighde agus bhaineadar gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta amach. I rith na bliana, ceadaíodh do sé mac-chuideachta nua tráchtálaíocht a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil a forbraíodh i gColáiste na Tríonóide, líonadh 33 iarratas ar phaitinn agus eisíodh 12 ceadúnas tráchtála.

Mic Léinn

Coinníonn Coláiste na Tríonóide air ag mealladh mac léinn as Éirinn agus thar lear atá láidir go hintleachtúil. I 2010 mheall Coláiste na Tríonóide an dara céatadan is airde d'iarratais chéadrogha i gcóras an CAO. Is gné thábhachtach d'ár rannchuidiú do thodhchaí na hÉireann go mbíonn teacht ar oideachas an Choláiste ag gach mac léinn cumasach. Bíonn deis ag daoine ó ghrúpaí léinn neamhthraidisiúnta, ag staid éagsúla ina saoil, agus

ó earnálacha faoi mhíbhuntáiste, leas a bhaint as léann i gColáiste na Tríonóide de bharr cláir cheannródaíochta ar nós, mar shampla, Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide.

I 2010/11, cuireadh tús le hocht gcúrsa iarchéime nua agus bronnadh a gcéimeanna ar 4,339 mac léinn. Lean mic léinn orthu ag baint taitnimh as 'Eispéireas Choláiste na Tríonóide' a shíneann thar an curaclam amach agus a chuimsíonn clubanna agus cumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn don cheannaireacht agus do rannpháirtíocht sa saol sibhialta.

An Fhoireann

Ní féidir rath ollscoile, agus seachadadh a spriocanna straitéiseacha, a bhaint amach gan a príomhacmhainn - an fhoireann. Ní mór do Choláiste na Tríonóide daoine den chéad scoth a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun stádas an Choláiste a choimeád agus a chur chun cinn. Chuir an Oifig Acmhainní Daonna seirbhís oiliúna agus forbartha ar fáil do gach ball foirne. Ceadaíodh trí cinn déag de Léachtóireachtaí New Blood Ussher trí mhaoiniú neamhstáitchiste. Tá tábhacht mhór ag baint leis an gclár 'New Blood', a tugadh isteach i 2009/10, ó thaobh an Phlean Straitéisigh 2009-14 ó tharla go n-éascaíonn sé gníomhartha éagsúla den phlean a sheachadadh i Scoileanna. Ceapadh seacht n-iarrthóir faoi dheireadh na bliana acadúla 2010/11.

Forbairt Chaipitil

Bhí an clár um forbairt chaipitil faoi bhláth arís i mbliana. Áirítear ar na príomhforbairtí oscailt oifigiúil an tionscadail tógála is uailmhianaí riamh i stair Choláiste na Tríonóide, Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh, oscailt a rinne an Taoiseach. Lean an obair ar thógáil The Lir, The National College of Dramatic Art, (An Coláiste Náisiúnta Drámaíochta) agus tugadh an t-athchóiriú ar 7-9 Sráid Laighean Theas (Teach Phoenix roimhe sin) chun críche.

An Staid Airgeadais

Choinnigh an Coláiste air go han-dúthrachtach agus go réamhghníomhach sa chaoi a ndearna sé bainistíocht ar a chuid airgeadais, a bhuiséad á chomhardú i 2010/11 agus gan aon easnamh infhillteach carntha nó caipitil ann amhail 30 Meán Fómhair 2011. Is éacht suntasach é seo i bhfianaise an leibhéil de laghduithe maoinithe infhillteacha carntha a bhí ann le blianta beaga anuas agus an solúbthacht theoranta i dtéarmaí a phríomh-bhunchaiteachais.

Cé gur éirigh leis an gColáiste a ghníomhaíocht a bhainistiú laistigh de na hacmhainní buiséadacha, níl an



cur chuige a glacadh go dtí seo inbhuanaithe sa todhchaí. Cé gur tháinig feabhas ar a réamhaisnéisí airgeadais go dtí 2016 de thoradh na ngníomhartha a rinneadh le blianta beaga anuas, tá easnamh infhillteach carntha tuartha i gcónaí mura ndéantar tuilleadh idirghabhála agus mura seachadtar uirthi. Mar sin, caithfidh an fócas a bheith ar na trí phríomhréimse giniúna ioncaim neamh-stáitchiste i gcónaí – iontógáil mac léinn idirnáisiúnta, tráchtálaíocht agus daonchairdeas i dteannta athphróifílithe/laghduithe straitéiseacha i gcaiteachas pá agus neamhphá, nuair is féidir, chun tóir Choláiste na Tríonóide ar a straitéisí agus a spriocanna a éascú ar bhonn inbhuanaithe airgeadais. Ní tharraingeoidh an Coláiste na cosa ina thaobh seo.

Seasamh Idirnáisiúnta

Rangíodh Coláiste na Tríonóide sa 52ú háit i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan agus sa 15ú háit i measc an 200 ollscoil is fearr san Eoraip i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS 2010/11. I rangú an Times Higher Education World University do 2010, rangíodh Coláiste na Tríonóide sa 76ú háit i measc an 200 ollscoil domhanda is fearr agus sa 14ú háit i measc na n-ollscoileanna Eorpacha is fearr.

Conclúid

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí foirne an Choláiste ar fad, idir fhoireann acadúil, fhoireann riaracháin agus fhoireann tacaíochta as an obair a rinne siad chun na gnóthachtálacha seo a bhaint amach le linn 2010/11 — ní bhainfí na gnóthachtálacha seo amach gan a gcuid díograise i rith na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an Taoiseach, leis an Aire Oideachais agus Scileanna, leis an Aire Sláinte, leis an Aire Fiontair, Post & Nuálaíochta agus le go leor Airí eile ar mór againn a gcuid tacaíochta. Tá an Coláiste faoi chomaoin freisin ag Bord agus ag Feidhmeannas Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, ag an Údarás um Ard-Oideachas, ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag an mBord Taighde Sláinte, ag IRCHSS, ag IRCSET agus ag go leor gníomhaireachtaí agus daoine eile, idir phoiblí agus phríobháideacha, a thacaigh leis an gColáiste.

Patrick Prendergast
Propast

Bealtaine 2012



1. FORBAIRTÍ ACADÚLA

1.1 Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education agus QS

Agus aitheantas idirnáisiúnta aige mar príomhollscoil na hÉireann, rangáitear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa 52ú háit i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan agus sa 14ú háit i measc an 200 ollscoil Eorpacha is fearr i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS 2010/11. I Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education rangáitear Coláiste na Tríonóide sa 76ú háit i measc an 200 ollscoil is fearr ar domhan agus sa 15ú háit i measc na n-ollscoileanna Eorpacha is fearr.

1.2 Cáilíocht

Agus aitheantas aige ar fud an domhain mar ollscoil ina bhfuil an teagasc agus an taighde ar ardchaighdeán, tá oideachas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sainiúil sa mhéid is go bhfuil sé teoraithe ag an taighde, agus dírithe ar mhic léinn. Tá an Coláiste tiomanta do shárcháilíocht a chéimeanna agus a iarchéimeanna agus a thaighde a choinneáil agus is cuid mhór dá neart é tiomantas fhoireann Choláiste na Tríonóide do na mic léinn uile.

Is onóir í bronnadh Comhaltachta a léiríonn cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste. Is gnóthachtáil taighde nó scoláireacht den scoth an phríomhcháilíocht chun Comhaltacht a bhaint amach mar aon le fianaise go bhfuil cion déanta ag an iarrthóir ar mhaithe le saol an Choláiste, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus ardchaighdeán teagasc leis na blianta.

Fógraíodh cúig Chomhalta dhéag, lena n-áirítear ceathrar Chomhalta Oinigh: an drámadóir, Thomas Kilroy; an staraí, an tOllamh John Morrill ó Ollscoil Cambridge; an tOllamh John Nolan, iarOllamh Inchríneolaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ospidéal Naomh Séamas agus Príomhinscrúdaitheoir le CRANN, Institiúid Naineolaíochta Choláiste na Tríonóide, ar Luan na Tríonóide 2011.

I 2010/11, d'éascaigh an Oifig Cháilíochta athbhreithnithe cáilíochta ar Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra & Cumarsáide, ar Scoil an Ghnó, ar Scoil na Síceolaíochta, agus ar Oifig an Leas-Phropaist. Bhí na tuarascálacha a tháinig chun cinn as na hathbhreithnithe dearfach den chuid is mó agus thug siad aiseolas cuiditheach do na réimsí a bhí faoi athbhreithniú.

I rith na bliana, lean Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag idirghníomhú leis na príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta atá páirteach i ndearbhú cáilíochta/feabhsú cáilíochta, tríd a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí de chuid Líonra Ard-Oideachais na hÉireann, Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann agus Cumann Ollscoileanna Éireann.

1.3 Comhaontas Nuálaíochta & an tAcadamh Nuálaíochta

Is comhpháirtíocht é Comhaontas Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath - Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath atá ag obair leis an earnáil oideachais, an Stát agus a ghníomhaireachtaí agus taobh leis na pobail chaipitil fiontair agus ghnó chun éiceachóras den chéad scoth a fhorbairt a chuirfidh forbairt fiontair chun cinn in Éirinn.

Osclaíodh an tAcadamh Nuálaíochta, buaicphointe oideachais Chomhaontais Nuálaíochta TCD-UCD go hoifigiúil i Samhain 2010. Ghlac sé leis an gcéad iontráil de 33 mac léinn PhD ó TCD agus UCD ag an ionad lárcathrach nua i bPlás Foster ag tús na bliana acadúla 2010/11 agus thairg croí-mhodúil don Teastas Céimí i Nuálaíocht sa bhFiontraíocht den chéad uair.

Is é misean an Acadaimh eispéireas an PhD a thabhairt chun barr-fheabhais trí smaointeoireacht chruthaitheach agus nuálaíoch a chur isteach i dtaighde céime agus in oideachas. Tá sé mar aidhm ag an Acadamh cineál nua céimí a fhorbairt, áit a nasctar saineolas disciplíne agus teicniúil leis an uailmhian fiontair nua a chruthú, seirbhís phoiblí a fheabhsú agus tuilleadh feidhme a bhaint as oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

Fuair an tAcadamh maoiniú €1.7 milliún trí Thimthriall PRTL1 5 de chuid an HEA, a chumasaigh fostú ceathrar éascaitheoir idir Coláiste na Tríonóide agus UCD.

Thug Uachtarán Stanford an Dr John L. Hennessy aitheasc do mhicléinn ag an Acadamh Nuálaíochta ar 'Nuálaíocht agus Fiontraíocht: deis oideachasúil' in Aibreán 2011. Ceapadh é mar chéad chomhairleoir idirnáisiúnta an Chomhaontais an bhliain roimhe sin, agus bhí sé ar cuairt i mBaile Átha Cliath chun freastal ar chruinniú comhairleach de bhord seachtrach an Chomhaontais Nuálaíochta.



2. CÚRSAÍ OIDEACHAIS

2.1 Na Mic Léinn

Agus ionadaithe ann ó gach contae in Éirinn agus ó bhreis agus 110 tír tá pobal mac léinn an Choláiste seo éagsúil ó thaobh aicmí sóisialta agus aoisghrúpaí de chomh maith.

San iomlán bhí 16,747 fochéimí agus iarchéimí cláraithe i 2010/11. Díobh seo ba ó oileán na hÉireann thart ar 79% díobh, tháinig 11% ó thíortha eile de chuid an AE, 4% ó Mheiriceá Thuaidh nó Meiriceá Lár, agus 6% ó áiteanna eile ar domhan lena n-áirítear mic léinn ó thíortha Eorpacha nach tíortha an AE iad.

Tá an Coláiste tiomanta do líon na mac léinn neamhthraidisiúnta a fhaigheann áit ar chlár fochéime a ardú, lena n-áirítear iad siúd faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra socheacnamaíochta, mic léinn faoi mhíbhuntáiste agus mic léinn lánfhásta. Tá tiomantas sa Phlean Straitéiseach (2009-14) chun céatadán na mac léinn a dhírítear orthu ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, a ardú ó 15% go 22% d'iontrálaithe nua CAO roimh 2013.

I 2010, is mic léinn neamhthraidisiúnta a ghlac 17% de na háiteanna CAO go léir. Ba mhic léinn lánfhásta daichead is a cúig faoin gcéad díobh seo.

2.2 Staitisticí Iontrála /Taispeántóirí Iontrála



Sealbhóirí Dámhachtainí Taispeántóirí Iontrála as Pobalscoil Mhullach Íde, Aideen Costello, Maeve Killen, Fiona Lawler, Sinead Costello agus Fiona Lynott

I 2010, mheall Coláiste na Tríonóide an dara céatadán ab airde (11%) d'iarratais chéadroghanna i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO). Meallann an Coláiste an líon is airde de mhic léinn atá sárchumasach go hacadúil i gcónaí. Rinne 54,481 dalta Scrúdú na hArdteistiméireacha i 2010. Astu siúd a chuir iarratas isteach go dtí an CAO, bhain

1,160 díobh 560 pointe nó níos mó agus ghlac 39% de na mic léinn seo áit i gColáiste na Tríonóide.

Bronnadh 'Gradaim Taispeántóirí Iontrála' speisialta ar 436 mac léinn chéad bhliana. Bhain na mic léinn a fuair na gradaim seo 560 pointe an duine nó níos mó amach i scrúdú na hArdteistiméirachta nó ina gcomhionann de scrúdú dara leibhéal. Tháinig na mic léinn rathúla as 29 contae in Éirinn mar aon leis an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an tSualainn.

2.3 Scoláireachtaí



Mac Léinn na nEolaíochtaí Nádúrtha, Andrea Waitz, ag ceiliúradh lena cuid cairde ó tharla gur fógraíodh go raibh sí tofa mar scoláire

Tuigtear le fada an lá gur éacht acadúil thar na bearta iad Scoláireachtaí Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide agus Scoláireachtaí eile nach Scoláireachtaí Fondúireachta iad. Déanann mic léinn fochéime, ag deireadh na dara bliana (nó na tríú bliana i gcás mac léinn leighis), scrúdú ar leith agus bronntar scoláireacht le haghaidh tréimhse suas le cúig bliana ar na mic léinn a bhaineann céad onóracha amach. Sa bhliain acadúil 2010/11, bronnadh na scoláireachtaí mórthaibhseacha seo ar ochtó is a sé mac léinn ar Luan na Tríonóide 2011.

Bhain na mic léinn a fuair scoláireachtaí le gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (28); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaice agus na hEolaíochta (27); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (21); agus Dámhanna Éagsúla (10).

CÚRSAÍ OIDEACHAIS

2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua

Cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas ag tús na bliana acadúla 2010/11:

Cúrsa larchéime

M.Sc. i mBainistiú Ionfhabhtaithe i gCúram Sláinte

M.Phil. i nDiagacht Idirchultúrtha agus i Léann

Idir-reiligiúnach

M.Phil. i Réiteach Coinbhleachta agus Athmhuintearas

M.Sc. i bPolaitíocht Idirnáisiúnta

M.Sc. i Staidéar ar an bhFostaíocht san Eoraip

M.Sc. i gCleachtas Forbartha

M.Sc. i Néaltrú

M.Sc. i Staidéar ar Mhíchumas

D'fhág maoiniú Timthriall 5 PRTLÍ de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas gur cruthaíodh clár nua PhD struchtúrtha i roinnt réimsí taighde ar fud an choláiste, clár a threorídh Coláiste na Tríonóide nó institiúid chomhpháirtíochta le hionchur ó TCD. Fógraíodh an maoiniú PRTLÍ do go staidéarachta PhD i TCD i 2010/11, d'fhonn earcaíocht don bhliain acadúil 2011/12.

2.5 Bronnadh na gCéimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir



Micheal Johnston, Lubna Olayan agus Jonah Barrington a fuair Céimeanna Oinigh

Bronnadh 4,339 céim in iomlán (2,563 bunchéim agus 1,776 ardhéim) i 33 searmanas bronnta céime ar leith i 2010. Bhain trí chéad agus ochtó ocht mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúduithe céime i 2010/11 agus bronnadh Bonn Óir ar 81 díobh seo.

Bhí bronnadh oinigh ann ag na searmanais Bronnta Céime an 10 Nollaig 2010 agus an 1 Iúil 2011. Tugadh onóir

do Derek Briggs, don tSr Cyril Mooney, do Pat Matthews agus Nora Kelso ag Searmanas an Gheimhridh. Bronnadh céimeanna oinigh ar Jonah Barrington, Michael Johnston agus Lubna Olayan ag Searmanas an tSamhraidh.

2.6 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Is raon tionscnamh iad Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag oideachas tríú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn lánfhásta ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi ghannionadaíocht. Bunaíodh na cláir mar chuid de straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal agus is léiriú iad ar mhisean sóisialta an Choláiste i mbun gnímh.

Tá rath leanúnach ar TAP de thoradh an líonra de chomhpháirtíochtaí táirgiúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh, mic léinn, foireann Choláiste na Tríonóide, gnóthais, grúpaí pobail agus institiúidí Ardoideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann TAP maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas trí an gCiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó roinnt deontóirí aonair agus corparáideacha. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Naisc Fhor-Rochtana leis an Scoil agus leis an bPobal
- Cúrsaí Réamhullmhúcháin Ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealáiona: TCD agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dhul Chun Cinn Iar-Iontrála
- Taighde agus Measúnú.

Tugadh 157 iontrálaí isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide i 2010/11, méadú 38% ar an mbliain acadúil roimhe.

Agus nasc á dhéanamh le breis is 40 bunscoil agus meán-scoil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, thug Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, i gcomhar le 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 4,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2010/11 lena n-áirítear Clár Scoláirí Matamaitice agus Eolaíochta le haghaidh daltaí an 6ú rang agus an Lá Leighis le haghaidh Dhaltaí na Sraithe Sóisearaí agus Scoileanna Samhraidh.



2.7 Gradaim Teagaisc an Phropaist



An Dr Desmond Ryan, An Dr Janine Stockdale, An Dr Áine Kelly agus An Dr Paula Murphy a fuair Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist 2011

Is iad Gradaim Teagaisc an Phropaist príomh-mhodh an Choláiste chun aitheantas a thabhairt do chomhaltai foirne acadúla a rinne obair ar leith ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha.

Ar na daoine a fuair iad i 2011 bhí: An Dr Áine Kelly, Scoil an Leighis, an Dr Desmond Ryan, Scoil an Dlí, an Dr Janine Stockdale, Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais (Gradam Luath-Ghairme) agus an Dr Paula Murphy, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha. Tugadh aitheantas dóibh seo go léir as a ndíograis agus a dtiomantas do theagasc agus d'fhoghlaim d'ardchaighdeán.



3. EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Leathnaíonn ‘Eispéireas Choláiste na Tríonóide’ thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta freisin.

3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn



Tá an tiomantas d’fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn go léir i gcroílár gníomhaíochtaí an Choláiste. D’fhonn eispéireas na mac léinn a fheabhsú, cuireann Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn réimse leathan de sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear Cóiríocht agus Lónadóireacht, Lárionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Gairmthreoracha, Naíolann an Choláiste, agus an Rannóg Spóirt agus Áineasa. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus mhothúchánach i mbealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2010/11, d’éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn do mhic léinn ina lán réimsí.

D’fhág Gradaim Fochéimithe Éireann gur bhronn an t-aoi oinigh, Mary Robinson, boinn óir ar ochtar mac léinn as Coláiste na Tríonóide ag searmanas na ngradam 2010 in Acadamh Ríoga na hÉireann. Tá na gradaim seo, a chuirtear ar fáil d’fhochéimithe ó ollscoileanna Éireannacha, le hinspioráid agus tacaíocht a thabhairt d’idéanna fochéimithe agus iad a cheiliúradh.

Bhain an mac léinn PhD agus stiúrthóir Éireannach, Neasa Hardiman, BAFTA amach don Drámaíocht is Fearr do Pháistí do ‘Tracy Beaker Returns’ ag searmanas gradam an BAFTA i Londain i 2010. Is í Neasa, a bhfuil PhD i staidéar scannán ar siúl aici, an príomhstiúrthóir ar an dá shraith de dhrama an BBC a forbraíodh ó úrscéal le Jacqueline Wilson.

Tugadh aitheantas do bhreis agus 300 mac léinn de chuid Coláiste na Tríonóide ag searmanas tionscnaimh

Rolla Onóra Déan na Mac Léinn in Aibreán 2011, dá rannpháirtíocht i ngníomhaíocht dheonach, sheach-churaclaim taobh istigh agus taobh amuigh den Choláiste. Sheol Déan na Mac Léinn, an tOllamh Gerry Whyte, an Rolla Onóra, agus tá sé d’aidhm aige aitheantas a thabhairt don fhoghlaim lasmuigh den seomra ranga a fhaigheann mic léinn trí ghníomhaíocht dheonach sheach-churaclaim.

Bhí Ruadhái Deavan, mac léinn ó Scoil na Matamaitice ar dhuine de naonúr mac léinn ar fud na tíre ar bronnadh Duais Hamilton orthu chun na fochéimithe is fearr matamaitice sa tír a cheiliúradh.

Bronnadh an gradam ‘One to Watch’ ar an mac léinn innealtóireachta Liam Ryan ag Gradaim Golden Spider Eircom i 2010 dá fhiontar gnó nua, SafeText.ie. Tugann Gradaim Spider Eircom ómós d’Éireannaigh aonair as ucht a sárghnóthachtálacha ar líne, aithníonn siad sármhaitheas agus nuálaíocht ar líne, agus cuireann ardán uathúil ar fáil chun aird a tharraingt ar na treochtaí atá ag teacht chun cinn agus earnálacha fáis ionchasacha sa todhchaí.

Rinne dhá fhoireann díospóireachta ionadaíocht thar cheann an Chumainn Staire ag Craobh Domhanda Díospóireachta na nOllscoileanna (WUDC) i Gaborone, Botswana, áit a raibh siad san iomaíocht le breis agus 300 foireann ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain a bhain céimeanna deiridh an chomórtais amach. Tá an WUDC ar an gcaobh díospóireachta is mó ar domhan agus ar cheann de na himeachtaí mac léinn idirnáisiúnta bliantúla is mó ar domhan. Bhí foirne Choláiste na Tríonóide ar an gcúigiú agus ar an séú foireann ón gColáiste a bhain na céimeanna deiridh amach i stair tríocha bliain an chomórtais. Rangaíodh Niamh Ní Mhaoileoin mar an t-ochtú cainteoir aonair ab fhearr ar domhan ag an gcaobh.

Bronnadh duais an chainteora ab fhearr ar Catherine Murphy ag Craobhchomórtas Díospóireachta Ollscoileanna na hEorpa 2011 a tionóladh i nGaillimh agus ainmníodh an mac léinn ón gCumann Dlí, Mark Thuillier, mar bhuaiteoir foriomlán sa chatagóir aonair ag comórtas bliantúil an *Irish Times* 2011, agus bronnadh Trófaí Cuimhneacháin Christina Murphy air.

D’éirigh le Lara Dungan ó Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta, an ceann is fearr a fháil ar an iomaíocht idirnáisiúnta agus bhain sí dhá ghradam ag comhdháil bhliantúil an British Society of Immunology i 2011. Bhain taighde Lara, a bhfuil d’aidhm aige tuiscint níos fearr a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le galair uath-imdhíonachta mar Scléaróis Iolrach, duais an ‘Bright Sparks in Immunology’ agus duais ‘Eolaí Óg na Bliana’ araon.



Fógraíodh Ruth Doyle, atá i mbun PhD sa Tíreolaíocht, mar chomhbhuaiteoir comórtais póstaera na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhsaoil ag Comhdháil bhliantúil na nIarchéimithe in Eanáir 2011. Cuideoidh na duaiseanna, a bronntar ar na taighdeoirí is éirimiúla in Éirinn, chun taighde Ruth a chur chun cinn, taighde atá bunaithe ar an tionscadal CONSENSUS á threorú ag TCD, anailís trasteorann ar ídiú, ar chomhshaol agus ar inbhunaitheacht in Éirinn.

Ba iad na mic léinn dlí, Bridget English agus Rebecca Russell-Carroll, buaiteoirí Dhúshlán Dlí an Ghnó Uile-Éireann McCann FitzGerald, 'The Advocate', a reáchtáladh i Márta 2011 sna Ceithre Chúirt. Bhuail foireann Choláiste na Tríonóide ar mic léinn dlí tríú leibhéal eile ar fud na tíre leis an gcéad duais de €2,000 a bhaint agus áit a fháil ar chlár intéirneachta samhraidh.

Ba é an mac léinn Staidéar Gnó agus Polaitíochta, Daniel Philbin Bowman, buaiteoir Mac Léinn Gnó na Bliana 2011 dá shárghnóthachtáil agus dá scil fhiontraíoch. Déanann Alumni Gnó na Tríonóide i gcomhar le Scoil an Ghnó i gColáiste na Tríonóide agus Banc na hÉireann urraíocht ar an gcomórtas seo, atá oscailte do mhic léinn gnó ina mbliain dheiridh.

Tugadh aitheantas d'fhoilseacháin mac léinn Choláiste na Tríonóide, *The University Times* agus *Trinity News*, in ocht gcatagóir ag Gradaim Náisiúnta Mac Léinn na Meáin, agus thug na mic léinn an ceathrú cuid de na gradaim go léir abhaile leo ar an lá. Don dara bliain as a chéile, bhain *The University Times* an t-ardghradam 'Nuachtán na Bliana' agus ainmníodh eagarthóir *Trinity News*, Aoife Crowley, mar 'Eagarthóir na Bliana'.

Bhain mac léinn iarchéime i Scoil an Bhéarla, John Curran, Gradam Agatha sa chatagóir 'Neamhfhicsean Is Fearr' sa Malice Domestic Convention 2011 a tionóladh i Washington DC, dá leabhar *Agatha Christie's Secret Notebooks: Fifty Years of Mysteries in the Making*.

I 2011, roghnaíodh triúr mac léinn ó Choláiste na Tríonóide as breis agus 350 iarratasóir chun páirt a ghlacadh sa Washington Ireland Programme, carthanacht thrasphobal a thairgíonn an deis do cheannairí óga as Éirinn agus as Tuaisceart Éireann dul chun cónaí agus obair a dhéanamh i Washington DC le linn dóibh tionscadail ar oiliúint cheannaireachta agus seirbhíse poiblí a chríochnú.

D'éirigh le hAisteoirí Ollscoil Átha Cliath (Dublin University Players) don tríú bliain as a chéile ag gradaim Bhord Cumann Choláistí na hÉireann (BICS) 2011 agus bhain an gradam don 'Imeacht is Fearr i gColáiste Mór' d'fhéile Shakespeare TCD. Aithníonn an gradam an iarracht a rinne an cumann mac léinn leis an bhféile, ar cheann de

mhóirmeachtaí d'fhéilire amharclainne na hÉireann é, a thabhairt i gcrích. D'éirigh leis an gCumann Cártaí agus Beiriste ar an oíche freisin agus bhaineadar an gradam don 'Chumann Is Mó Feabhais'. Bhain an mac léinn Joel Loll-McKeever, sa chéad bhliain de chúrsa Béarla, an gradam don 'Mac Léinn chéad bhliana is Fearr i gColáiste Mór' in éineacht le Ruth Murray DIT.

Bhain Daniel O'Donovan, gradam *Making An Impact* de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas. Díríonn taighde Daniel ar fhorbairt glúine nua de dhruaí frithdhúlagraín a mbeidh éifeacht níos mó agus fo-iarmhairtí níos lú acu.

Sheol an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta *Alms on the Highway*, bailiúchán nua ó obair na mac léinn M.Phil i Scribhneoireacht Chruthaitheach ag Ionad Oscar Wilde don Scribhneoireacht Éireannach i Scoil an Bhéarla.

Bronnadh Scoláireachtaí Spóirt ar 28 mac léinn ó Choláiste na Tríonóide ag searmanas speisialta i Nollaig 2010. Bhronn an Roinn Spóirt agus Lár-Chlub Lúthchleasaíochta Ollscoil Átha Cliath (DUCAC) scoláireachtaí i 13 spórt éagsúla lena n-áirítear rámháocht, rugbaí, reathaíocht agus lúthchleasaíocht, camógaíocht, peil Ghaelach, iománaíocht, hacaí, cadhcáil, rianadóireacht, peantatlan, sacar, scuais agus fraspheil.

Bronnadh University Colours ar cheathar mac léinn spóirt i 2011. Bronntar Bándearg Choláiste na Tríonóide, atá leagtha amach chun teacht le Bánghorm Cambridge agus Gorm Dorcha Oxford, ar bhonn fíúntais aonair a mheasúnaítear go ginearálta i dtéarmaí scothfheidhmíochta an chlub, roghnúcháin ionadaíochta nó gnóthachtála seachtracha. Bronnadh Pinks ar Ruairí Short (Rianadóireacht), Daniel Johnston (Cróice), Darragh Sweetnam (Dreapadóireacht) agus Hannah Lowry-O'Reilly (Pionsóireacht).

Ar bhuaicphointí suaitheanta club spóirt na mac léinn i 2010/11 áirítear iad seo a leanas: bhain Club Bád na mBan sé chomórtas Villanna i rith an tséasúir; bhí Sarah Donal ar an gcéad bhall den chlub a roghnaíodh chun dul in iomaíocht thar ceann na hÉireann ag an gCraobh Domhanda; bhain an Club Pionsóireachta an Cluiche Idir-Ollscoile agus Dathanna don cheathrú bliain as a chéile; Choinnigh an Club Lúthchleasa & Harriers orthu mar fhórsa ceannasach ag an leibhéal Idir-Ollscoile agus bronnadh Imeacht Idircholáiste na Bliana de chuid Chumann Spóirt Coláistí agus Ollscoileanna na hÉireann (CUSAI) ar an gClub; bhain an Club Fraspheile Sraith CUSAI na mBan; agus bhain an Club Rugbaí an Cluiche Dathanna Bliantúil agus Craobhchomórtas na hÉireann sna 7anna – d'imir siad ansin ar son na hÉireann ag 7anna na hEorpa agus bhain an chraobh.



4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE

4.1 Téamaí Taighde

Cuimsíonn straitéis taighde Choláiste na Tríonóide gach mórdhisciplín agus tá sé tiomanta do ghníomhaíochtaí taighde den scoth i bpríomhréimsí ar fud na n-eolaíochtaí, na hinnealtóireachta, an leighis agus na n-ealaíon. Dírionn fócas straitéiseach an Choláiste ar chúig phríomhréimse – Comhtháthú Eorpach & Idirnáisiúnta, Cultúr & Ealaíona Cruthaitheacha, Ábhair & Córais Chliste, Eolaíochtaí Bitheacha & Taighde Aistritheach, agus Iompar, Fuinneamh & an Comhshaol. I ngach ceann de na réimsí seo tá gníomhaíochtaí suntasacha taighde ag Coláiste na Tríonóide, nasctha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus iad tógtha ar bhunchloch an idirdhisciplíneachais chun taighde a bhfuil suntas domhanda ag baint leis a sholáthar.

Bíonn idirchaidreamh ann le Coláiste na Tríonóide ar an iliomad leibhéal éagsúil: tá comhpháirtíochtaí suntasacha taighde ag an gColáiste le tionscail ilnáisiúnta agus dhúchasacha araon; tá clár ar leith ‘taighdeoirí cónaitheacha’ i bhfeidhm aige chun go mbeadh páirtithe neadaithe i gcoilár na dtionscadal taighde comhoibrítheach; leis an Áiléar Eolaíochta, tugtar léargas do Choláiste na Tríonóide ar shaol an taighde sa chiall is leithne, ag cothú fiosracha, ag spreagadh díospóireachta agus ag mealladh intinní thaighdeoirí na todhchaí; trína pholasaí Cruthaitheachta sa Phobal – ag na leibhéil áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda – tá Coláiste na Tríonóide tiomanta taighde ardchaighdeáin a sholáthar chun sochair na sochaí.

4.2 Maoiniú Taighde

Le dhá mhí dhéag anuas, tháinig laghdú de thart ar €7 milliún (9%) ar ioncam taighde go €75.1 milliún ó leibhéal 2009/10. Ach mhéadaigh luach conarthaí taighde nua a síníodh i mbliana, a mbeidh tionchar acu ar an gcéad trí go ceithre bliana eile i dtéarmaí caiteachais taighde, 96% go €109 milliún, i gcomparáid le luach na bliana roimhe de €55 milliún.

Tá an ranníocaíocht i leith costais indíreacha ón taighde fós faoi bhun an chostais iomláin eacnamaíochta atá ar an taighde a reáchtáil agus mar thoradh air seo bíonn gá an croibhúis a úsáid chun fóirdheonú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht taighde. Níl an staid sin inbhuanaithe.

Bhí 1,702 cuntas gníomhach taighde ann agus thacaigh gníomhaíocht taighde le 1,417 duine sa bhliain 2010/11.

Foinse an Mhaoinithe do Ghníomhaíocht Taighde

Don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2011

Fondúireacht Eolaíochta Éireann	41%
Fiontar Éireann	3%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	4%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	11%
Eile	41%

4.3 Tionscnaimh Thaighde Nua Choláiste na Tríonóide

Tá Coláiste na Tríonóide ar thús cadhnaíochta i roinnt mórstaidéar fadama, lena n-áirítear taighde faoi leanaí agus aosú agus gníomhaíochtaí sa naineolaíocht agus taighde cumarsáide a dtugann ionaid feabhais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an gcampas tacaíocht dóibh. Déanann Trinity Health, Ionad Leighis Acadúil Choláiste na Tríonóide, an cleachtas is fearr i gcúram othar a nascadh le taighde agus teagasc den scoth in aon samhail rialachais amháin, atá bunaithe ar na hionaid chúraim sláinte is fearr ar domhan. Ar an gcaoi chéanna, tá bonn láidir faoi mhór-institiúidí agus mór-ionaid Choláiste na Tríonóide i réimsí mar néareolaíocht, domhandú, imdhíoneolaíocht, leigheas móilíneach agus Mol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide do na healaíona agus daonnachtaí, agus iad i measc ceannairí idirnáisiúnta ina réimsí siúd. Tá páirt ghníomhach ag Coláiste na Tríonóide i bhfiontair chomhoibrítheacha shuntasacha náisiúnta mar an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT).

I dteannta tionscnamh taighde idirdhisciplíneacha Choláiste na Tríonóide sna réimsí sin, seo a leanas roinnt de na tionscadail nua a seoladh le linn 2010/11:

TCD le Rochtain Ar Líne Saor in Aisce a Chur ar Fáil ar a Thaighde

Agus é ag díriú ar rochtain ar a thaighde agus a scoláireacht a leathnú, ghlac Coláiste na Tríonóide le polasaí chun a chuid altanna scolártha a chur ar fáil don phobal trí rochtain saor agus oscailte ar líne i nDeireadh Fómhair 2010. Dearbhaíonn an polasaí nua tiomantas an Choláiste chun a aschuir thaighde agus scoláireachta a scaipeadh chomh leathan agus is féidir. Cuireann sé seo Coláiste na Tríonóide chun tosaigh i measc institiúidí acadúla ar fud an domhain atá i mbun cadhnaíochta sa ghluaiseacht i dtreo Rochtana Oscailte.



Tionscnamh eGluaisne Glas chun Ullmhú d'Fheithiclí Leictreacha

I Meitheamh 2011, rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha seoladh na hÉireann, i gColáiste na Tríonóide, de thionscadal ar fheithicil leictreach atá maoinithe ag an AE, ina mbeidh an Scoil Innealtóireachta i gcomhpháirt leis an BSL, Codema agus Comhairle Chathair Chorcaí. Tá d'aidhm ag Tionscadal eGluaisne Glas an AE úsáid feithicil leictreacha a chur chun cinn agus tá comhoibriú i gceist le déantúsóirí carranna, fónais fhuinnimh, ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochtaí agus taighde ar fud na hEorpa.

Gheobhaidh na ceithre comhpháirtí atá lonnaithe in Éirinn maoiniú €1.5 milliún as buiséad iomlán €24 milliún. Oibreoidh an cuibhreas le chéile chun taighde agus staidéar a reáchtáil ar úsáid cairr leictreonaigh go náisiúnta agus ar na teicneolaíochtaí éagsúla ar féidir a úsáid chun modhanna inbhuanaithe iompair a uasmhéadú.

Tionscnamh Freagartha Idirnáisiúnta do Thubaistí Nádúrtha Chuaigh Ionad Sláinte Domhanda Choláiste na Tríonóide i bpáirt leis an Cochrane Collaboration chun tionscnamh idirnáisiúnta dar teideal Evidence Aid a fhorbairt chun fianaise iontaofa, cothrom le dáta a chur ar fáil ar idirghabhálacha a bhféadfaí a mheas i gcomhthéacs tubaistí nádúrtha agus mór-éigeandálaí cúram sláinte eile mar shláinte, dídean, cumarsáid, tógáil, oideachas, slándáil agus tacaíocht do dhaoine asáitithe. É bunaithe tar éis an tsúnámaí san Aigéan Indiach i Nollaig 2004, baineann Evidence Aid úsáid as eolas ó fhianaise taighdebhunaithe mar aon le tráchtairachtaí agus eolas comhthéacsúil.

4.4 Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile

I measc na nasc taighde le hInstitiúidí eile a bunaíodh i rith na bliana acadúla 2010/11 bhí seo a leanas:

Comhaontas taighde idir Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil na hAraibe Sádaí

Bunaíodh comhaontas nua idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta an Rí Abdullah (KAUST). Is comhoibriú é tionscadal ACRAID idir grúpa Spintronics Ríomhaireachtúil TCD faoi threoir an Ollaimh Stefano Sanvito, Scoil na Fisce agus Príomh-Imscrúdaitheoir CRANN, agus grúpa taighde an Ollaimh Udo Schwingenschlögl KAUST. Forbróidh an tionscadal taighde raon teicnící ríomhaireachtúla/teoiriciúla chun staidéar a dhéanamh ar iompar leictreon i gcórais ábhar coimpléascach. Cruthóidh an tionscadal dhá chomhaontas breise freisin: bunóidh sé caidreamh idir CRANN i TCD agus KAUST, agus tabharfaidh sé taighdeoirí ó Ionad na Tríonóide don Ríomhaireacht

Ardfheidhmíochta (TCHPC) agus ó ionad sár-ríomhaire KAUST le chéile.

Comhpháirtíocht Straitéiseach le Scoil an Leighis sínithe ag an Ionad Náisiúnta Taighde do Leanáí

Shínigh Scoil an Leighis i gColáiste na Tríonóide comhpháirtíocht straitéiseach leis an Ionad Náisiúnta Taighde do Leanáí maidir le taighde pédiatraiceach i dtinnis agus i ngalair leanáí. Mar chuid den chomhaontú, tá an tIonad Náisiúnta Taighde do Leanáí, atá maoinithe ina iomlán ag Fondúireacht Taighde & Míochaine Leanáí (CMRF), tar éis €5 milliún i maoiniú don chlár taighde nua a chur ar fáil a mbeidh impleachtaí aige d'fhorbairt cóireáil níos spriocdhírthe ar ghalair athlastacha leanáí mar eachma, asma, galair réamatacha na luath-óige agus fiobrós chisteach.

Bunaíonn Micribhitheolaithe TCD agus UCD Comhcadamh Nua

Bunaíodh Acadamh Paitigéanómaíochta & Bitheolaíochta Ionfhabhtaithe Bhaile Átha Cliath (DAPI) i 2010 chun sineirgíocht i dtaighde agus i dteagasc i measc micribitheolaithe lonnaithe i gColáiste na Tríonóide agus i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath a fheabhsú. Tá saotharlanna i gceist san Acadamh a bhfuil úsáid á baint acu as modhanna géanómacha feidhme chun staidéar a dhéanamh ar phataiginí baictéara daonna agus ainmhithe. Sa chéad áit, tá DAPI dírithe ar thopaicí taighde sa bhaictéarachas agus tá sé i gceist leathnú go réimsí eile micribitheolaíochta a bhaineann le galar tógalach sa toidhcháil. Léiríonn bunú DAPI láidreach Bhaile Átha Cliath go hidirnáisiúnta mar ionad do thaighde agus do theagasc i réimsí na paitigéanómaíochta agus na bitheolaíochtaí ionfhabhtaithe.

Comhaontú Comhpháirtíochta leis na Scoileanna Innealtóireachta is Fearr san Eoraip agus sa tSín sínithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Shínigh Scoil na hInnealtóireachta comhaontú comhpháirtíochta idir na Scoileanna Innealtóireachta is Fearr san Eoraip agus sa tSín in Eanáir 2011. Soláthróidh an comhaontú nua san oideachas innealtóireachta deiseanna in oideachas fochéime agus céime, chomh maith leis an taighde. Cuirfidh sé malartú mac léinn chun cinn freisin idir mic léinn Éireannacha agus Síneacha mar aon le comhoibriú le tionsclaíocht sa tSín.

Comhaontú Comhpháirtíochta le Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid chun Cruthaitheacht a Chothú

Síníodh comhaontú comhpháirtíochta idir Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid (BCFE) agus Tionscnamh Cultúir, Teicneolaíochtaí agus Ealaíon Cruthaitheach Choláiste na Tríonóide in Iúil 2011, a chumasóidh naisc



GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE

chomhoibrithe níos fearr i gcleachtas cruthaitheach agus i dteagasc idir an dá institiúid. Chuaigh Scoil Bheochana na hÉireann BCFE, a bhfuil céimithe sa bheochan agus i dtionscal na scannán a bhain gradam idirnáisiúnta curtha ar fail aice, i bpáirt i Mol Beochana le Grúpa Grafaicí, Físe agus Amharcléirithe (GV2) Choláiste na Tríonóide chun gearrscannán beochana a léiriú.

4.5 Scoláireacht agus Gradaim



Na comhaltaí RIA nua: An tOllamh Thorfinnur Gunnlaugsson, An tOllamh Jane Ohlmeyer agus An tOllamh Shane O'Mara le hUachtarán an RIA, An tOllamh Luke Drury (an dara duine ó chlé)

Lean comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóthachtálacha taighde agus bhaineadar amach gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar na gradaim a bhain taighdeoirí Choláiste na Tríonóide áirítear iad seo a leanas:

Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann ceathrar scoláire de chuid Choláiste na Tríonóide mar chomhaltaí nua i 2011. Áirítear ar na comhaltaí nua an tOllamh Thorfinnur Gunnlaugsson, Ollamh le Ceimic; an tOllamh Shane O'Mara, Ollamh le Taighde Inchinne Turgnamhach in Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (TCIN) agus stiúrthóir na hInstitiúide; an tOllamh Colm O'Móráin, Ollamh le Leighis in Ospidéal Thamhlachta agus Déan na nEolaíochtaí Sláinte i gColáiste na Tríonóide; agus an tOllamh Jane Ohlmeyer - Ollamh le Nua-Stair. Is í an onóir acadúil is airde in Éirinn do dhuine a bheith tofa go dtí Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) agus is aitheantas poiblí é ar ghnóthachtáil acadúil.

D'fhógair an tAire um Thaighde agus Nuálaíocht, Seán Sherlock TD maoiniú Rialtais de €19.5 milliún, mar aon le ranníocaíocht tionscail de bheagnach €4.8 milliún, don

Lárionad Taighde Teileachumarsáide, (CTVR) i mBealtaine 2011. Tabharfaidh an maoiniú stáit, a cuireadh ar fáil trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tacaíocht dhíreach do 76 post taighde ardháilíochta sa lárionad taighde teileachumasáide is mó in Éirinn. Agus a cheannáras i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tugann CTVR taighdeoirí le chéile ó sé ollscoil agus institiúidí taighde eile, lena n-áirítear Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Náisiúnta Tyndall i gCorcaigh, Coláiste Ollscoile Chorcaí agus Ollscoil Luimnigh.

D'éirigh leis na hOllúna Luke O'Neill agus Ken Wolfe faoi seach maoiniú speisialta a fháil ó Chomhairle Taighde ardghradaim na hEorpa (ERC). Fuair an tOllamh O'Neill, Ollamh le Bithcheimic i Scoil na Bithcheimice agus Imdhíonachta leithdháil deontais ERC de €3.48 milliún chun cuidiú lena thaighde ceannródaíoch sa chóras imdhíonachta. Fuair an tOllamh Wolfe, Ollamh le hÉabhlóid Géanóim ag Institiúid Géineolaíochta Smurfit agus na Scoile Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta €1.5 milliún i maoiniú faoi chlár Ard Deontas ERC, a cuideoidh leis an taighde ar éabhlóid speiceas giosta.

Roghnaíodh cuibhreannas taighde idirnáisiúnta, atá á threorú ag Coláiste na Tríonóide, a bhfuil fúthu cóireáil nua don ghalair Alzheimer a fhorbairt, do mhaoiniú deontais €6 milliún ó Sheachtú Creatchlár an Choimisiúin Eorpaigh (FP7) i mBealtaine 2011. Reáchtálfaidh an cuibhreannas NILVAD, a chuimsíonn 18 ollscoil, ospidéal agus cuideachta cógaisíochta Eorpacha trialacha cliniciúla Eorpacha de NILVADIPINE i gcóireáil an ghalair Alzheimer. Tá comhordú á dhéanamh ag taighdeoirí TCD i Scoil an Leighis agus in Ospidéal Naomh Séamas, faoi threoir an Ollaimh Brian Lawlor, Ollamh le Síciatracht Seanaoise Conolly Norman i gColáiste na Tríonóide agus Síciatraí Comhairleach in Ospidéal Naomh Séamas, ar an móirthriail chliniciúil seo a chinneadh an féidir le NILVADIPINE an chuimhne a fheabhsú agus moill a chur ar ráta dhul chun cinn an ghalair Alzheimer chomh maith.

Bronnadh maoiniú ar thrí thionscadal taighde dhéag de chuid Choláiste na Tríonóide trí Chlár Príomhthaighdeora Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i Meitheamh 2011. B'ionann é seo agus an líon ba mhó (13 as 44) a bronnadh ar institiúid tríú leibhéal. Threoraigh na daoine seo a leanas na tionscadail cheannródaíochta rathúla: an tOllamh Thorfinnur Gunnlaugsson, Scoil na Ceimice; an tOllamh Fiona Newell agus an tOllamh Carol O'Sullivan, Scoil na Síceolaíochta agus Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí; an tOllamh Vinny



Cahill, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Staitisticí; an Dr Mike Lyons, Scoil na Ceimice; an Dr Louise Bradley, Scoil na Fisice; an tOllamh Georg Duesberg, Scoil na Ceimice agus CRANN; an tOllamh Luiz Da Silva, Scoil na hInnealtóireachta; an tOllamh Michael Coey, Scoil na Fisice agus CRANN; an tOllamh Sylvia Draper, Scoil na Ceimice agus CRANN; an tOllamh Michael Rowan, Scoil an Leighis; an tOllamh Padraic Fallon, Scoil an Leighis; an

Dr Adrian Bracken, an Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta; agus an Dr Frank Wellmer, an Scoil Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta.

D'ainmnigh *Times Higher Education* an tOllamh Jonathan Coleman, Comhollamh na Fisice agus Príomhscrúdaitheoir ag CRANN i measc na 100 eolaí ábhar ba mhó clú le deich mbliana anuas in Aibreán 2011. Is é an tOllamh Coleman an t-aon eolaí Éireannach a ainmníodh i measc an 100 ab fhearr agus tá sé ar dhuine de na daoine is óige ar an liosta. Agus é Rangaithe sa 61ú áit ar domhan, roghnaíodh an tOllamh Coleman as liosta thart ar 500,000 eolaí ábhar, a fhágann rangú i measc an 0.02 faoin gcéad is fearr sa réimse aige.

Bhronn an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) ar an Ollamh Samson Shatashvili, Ollamh le Fealsúnacht Nádúrtha, Scoil na Matamaitice agus Stiúrthóir Insititiúide Matamaitice Hamilton mar aitheantas ar a shárchion do na heolaíochtaí matamaitice agus fisiciúla.

Bhain an Dr John Gilmer, Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta Gradam Tráchtálaíochta Fiontraíocht Éireann 2010 sna hEolaíochta Beatha ag Sárthaispeántas na nÍdeanna Móra i nDeireadh Fómhair 2010 do Solvotrin Therapeutics Ltd, mac-chuideachta leis de chuid Choláiste na Tríonóide atá ag obair le drugaí nua nuálacha a sheachadadh don mhargadh cardashoitíoch.

Bronnadh an gradam Fellow of the American Association for the Advancement of Science (AAAS) ar Stiúrthóir CRANN agus Ollamh le Ceimic John Boland, dá chion i réimse na ceimice dromchla, go háirithe ról an struis i rialú imoibríochta.

Bronnadh €500,000 i maoiniú AE ar thaighdeoirí chun teicneolaíocht sholáthar uisce tíosach ar fhuinneamh a fhorbairt i dtionscadal taighde comhoibríoch. Ar fhoireann Tionscadal Hidrea-BPT tá an Dr Aonghus McNabola, Scoil na hInnealtóireachta, an tOllamh Paul Coughlan, Scoil an Ghnó agus an Dr Prysor Williams ón Scoil Comhshaoil, Acmhainní Nádúrtha agus Tíreolaíochta in Ollscoil Bangor.

Is í an léachtóir san eolaíocht pholaitiúil, an Dr Gail McElroy agus Ollamh le hlompar Polaitiúil Comparáideach agus an Pró-LeasPhropast/Príomh-Oifigeach Acadúil Michael Marsh, a bhain an duais don alt ab fhearr a foilsíodh i 2010 i gceann de na hirísí eolaíochta polaitiúla is mó le rá sna Stáit Aontaithe, *Political Research Quarterly* (PRQ), dá n-alt 'Candidate gender and voter choice: analysis from a multimember preferential voting system'.

Bronnadh maoiniú ar ocht dtaighdeoir dhéag de chuid Choláiste na Tríonóide chun tacú le tionscadail taighde cheannródaíoch faoin gClár Teorainneacha Taighde SFI i Lúnasa 2011. Tá sé d'aidhm ag na gradaim tacú le forbairt chaipitil dhaonna na hÉireann trí fhostaíocht agus oiliúint a chur ar fáil do roinnt de na taighdeoirí is ardtallainne in Éirinn. Bhaineadar seo a leanas na gradaim: an Dr Arun Bokde, an Dr Veronica Campbell, an Dr Christian Kerskens agus an Dr Jacintha O'Sullivan, Scoil an Leighis; an Dr Mauro Ferreira, an Dr Graham Harper, an tOllamh John McGilp agus an Dr Matthias Moebius, Scoil na Fisice; an Dr Sinead Ryan, an tOllamh Samson Shatashvili, an Dr Stefan Sint agus an tOllamh Richard Timoney, Scoil na Matamaitice; an Dr Gary Moran agus an Dr Derek Sullivan, Scoil na hEolaíochta Déadaí; an Dr Isabel Rozas, Scoil na Ceimice; an Dr Biqiong Chen, Scoil na hInnealtóireachta; an Dr Siobhan Clarke, Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Staitisticí, agus an Dr Derek Doherty, Scoil na Bithcheimice agus Imdhíonachta.

Bronnadh Gradam Gnóthachtála Saoil ar Cholm O'Móráin, Ollamh le Leigheas agus gaistreintreolaí comhairleach ag Ospidéal an Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanai (AMNCH), ag Gradaim Chúram Sláinte na hÉireann 2010.

Ceapadh an Dr Emma Stokes, Léachtóir Sinsearach sa bhFisiteiripe mar chéad Leas-Uachtarán Éireannach ar Chónaidhm Dhomhanda Teiripeoirí Fisiciúla, eagraíocht ghairmiúil dhomhanda a dhéanann ionadaíocht thar ceann 350,000 fisiteiripe ar fud an domhain, i Lúnasa 2011.

Cheap an American Society for Microbiology (ASM), an eagraíocht ghairmiúil eolaíochta beatha is mó agus is sine ar domhan, an tOllamh Charles Dorman, Cathaoirleacht na Micribhitheolaíochta agus Ceann na Scoile Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta, ina Ambasador ar dtí Iarthar na hEorpa.

D'éirigh le caoga is a cúig thaighdeoir ó Choláiste na Tríonóide sna scéimeanna maoinithe EMPOWER agus EMBARK de chuid Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE

Bhí rath ar cheithre thionscadal ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sna gradaim de chuid Chomhairle na hÉireann um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) faoina dTionscnamh Forbartha Taighde i Márta 2011. Ba iad na Príomh-Imscrúdaitheoirí rathúla ná: an Dr Michéal Collins, Eacnamaíocht; an Dr Yvonne Scott, Stair na Ealaíne agus Ceann Roinne; an tOllamh Robbie Gilligan, Ceann Scoile na hOibre Sóisialta agus Bearta Sóisialta; agus an Dr Kathleen McTiernan, léachtóir sa tSíceolaíocht.

Bhain Ceann Scoile na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, an Dr Sarah Smyth, Bonn ardgradam Pushkin i Kremlin Mhoscó de réir Foraithe ón Uachtarán. Ní bhronntar an bonn seo ar níos mo ná deichniúr go bliantúil mar aitheantas ar a sárobair chun teanga agus cultúr na Rúise a chur chun cinn ar fud an domhain.

Cheap an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta an Scoláire Dlí ó Choláiste na Tríonóide, an Dr Eoin O'Dell chun a bheith ina chathaoirleach ar an gCoiste Athbhreithnithe Cóipchirt agus iarracht á dhéanamh leasú raidiciúil a dhéanamh ar chóipcheart in Éirinn.

Bhain an léachtóir sa bhfealsúnacht, an Dr Stefan Storrie, sárchomórtas an Turbayne International Berkeley Prize a d'eagraigh Ollscoil Rochester sna Stáit Aontaithe dá aiste 'Berkeley's apparent Cartesiansim in De Motu'. Tugann an duais idirnáisiúnta bhliantúil aitheantas don aiste is fearr ar aon ghné d'fhealsúnacht an fhealsaimh Éireannaigh, George Berkeley.

Bronnadh Gradam Saoil ar an Ollamh le Paiteolaíocht, John O'Leary, Histeapaiteolaí Comhairleach in Ospidéal Naomh Séamas agus Stiúrthóir na Paiteolaíochta in Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naonáin ag an 6ú comhdháil bhliantúil RNA i Oxford dá chion neamhghnách do mhíochaine ailse.

B'iad taighdeoirí ón Institiúid um Míochaine Mhóilíneach agus ón Lárionad Anailíse Ardábhar a fhiosraíonn an chaoi a ngluaiseann fuilchealla bána (T limfisíteanna) sa chorp le linn imobrithe imdhíonachta, buaiteoirí Gradam Anailíse Ard Ábhar (HCA) GE Healthcare Award. Aithníonn an gradam sárobair HCA don tuiscint eolaíoch agus ceiliúrann a thionchar dearfach ar cháilíocht agus ar chainníocht sonraí, agus in éifeachtúlacht taighde agus fionnachtana a athrú ó bhun.

Toghadh an tOllamh Luke Drury, Ollamh le Réalteolaíocht i Scoil na Matamaitice mar 54ú hUachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann.

Bronnadh deontais ar bheirt thaighdeoirí Síciatracha dá dtionscadail, a bhfuil fúthu forbairt a dhéanamh ar acmhainn do sheirbhísí cliniúla níos fearr do dhaoine aonair agus dá dteaghlaigh, a ndéanann an tsíocóis difear dóibh. Fuair an Dr Brian Fitzmaurice, Léachtóir Sinsearach Cliniúil sa tSíciatracht, agus an Dr Gary Donohue, Léachtóir Sinsearach sa tSíceolaíocht Chliniciúil, bunaithe i Scoil an Leighis, deontais dár luach in iomlán breis agus €300,000 ó Iontaobhas Genio.

Bhain *Solas*, pobal fíorúil do leanaí a bhfuil tinnis ainsealach orthu, a d'fhorbair an Lárionad um Fhaisnéisíocht Sláinte, Gradam Changing Tomorrow Astellas. Bunaíodh na gradaim le haitheantas a thabhairt don sárobair a bhíonn ar siúl ag lucht gairme atá ag obair i réimse na sláinte, agus le díriú ar a dtiomantas agus a n-iarracht laethúil chun feabhas a chur ar sholáthar cúram sláinte d'othair in Éirinn.

Fógraíodh gurb í Miravex, cuideachta campais i gColáiste na Tríonóide atá ag sainfheidhmiú i réimsí anailíse optaice agus íomhá d'imscrúdú riochtana craicinn, mar bhuaiteoir an chéad *Ghradam Dúshlán Nuálaíochta Ollscoile* de chuid Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann i Samhain 2010.

Bhronn Rialtas na Fraince an 'Chevalier de l'Ordre des Arts et des Lettres' ar an Dr Charles Benson, Coimeádaí Luathleabhar Clóite agus Bailiúchán Speisialta i Leabharlann Choláiste na Tríonóide mar aitheantas ar an obair a rinne sé i bhforbairt agus i gcur chun cinn acmhainní do staidéar na Fraincise i gColáiste na Tríonóide.

Bronnadh Gradam Chambers Ireland d'Fhreagracht Shóisialta Chorpáiríoch ar 'Leaders', taispeántas grianghraf a léirigh cion líonraí imirceach in Éirinn, a thiomsaigh Tionscadal Líonraí Imirceach de chuid Tionscnaimh Inimirce Choláiste na Tríonóide, arna tacú ag An Post.

Fuair Áiléar Eolaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an ceann is fearr ar 422 ainmní eile agus bhain an duais don Institiúid Chultúrtha is Fearr ag an 3ú Shorty Awards bliantúil i Nua Eabhrac i mBealtaine 2011. Tugann na gradaim aitheantas do na léiritheoirí is fearr ar ábhar meán sóisialta ar an ngréasán agus cinntear iad trí theaghlaim de vóta an phobail agus vóta ball den Real-Time Academy of Short Form Arts and Sciences, a chuimsíonn ceannairí sa teicneolaíocht, san iriseoireacht, i ngnó agus i gcultúr.

5. NUÁLAÍOCHT AGUS TRÁCHTÁLAÍOCHT

Déanann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I) idirphlé idir an ollscoil, gníomhaireachtaí maoinithe agus tionscal, a bhainistiú agus a chur chun cinn trí cheithre rannóg: Forbairt taighde, Conarthaí, Aistriú Teicneolaíochta agus Fiontraíocht.

De réir an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Phlean Straitéiseach an Choláiste, féachann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide le fónamh a bhaint as smaointe nua a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua. Tugann TR&I tacaíocht ar feadh an chuibhreannais taighde, ó chur isteach iarratais ar mhaoiniú, go margáintíocht chonartha, bainistiú a dhéanamh ar mhaoinintleachtúil, aistriú teicneolaíochta, saothrú tráchtálach agus oiliúint fiontraíochta. Cothaíonn TR&I idirchaidreamh le tionscal, lena n-áirítear comhoibrithe taighde a bhunú agus ceadúnú maoinintleachtúil Choláiste na Tríonóide. Ina theannta sin, tacaíonn sé le bunú cuideachtaí campais Choláiste na Tríonóide agus ceadáíonn iad.

5.1 Maoiniú Taighde

I rith na bliana acadúla 2010/11, d'fhág an 1,062 iarratas ar thaighde maoinithe ar thacaigh an oifig Forbartha Taighde leo, gur shínigh an Oifig Chonartha 557 conradh taighde nua ar luach iomlán €109,449,871 do Choláiste na Tríonóide.

5.2 Maoinintleachtúil

Fuair an Oifig d'Aistriú Teicneolaíochta 61 nochtadh maoinintleachtúla nua, rinne 33 iarratas paitinn nua a chomhdú, dheonaigh 12 ceadúnas tráchtálaíochta agus cheadaigh sé chuideachta campais nua de chuid Choláiste na Tríonóide.

5.3 Fiontraíocht agus Nuálaíocht



An Dr Gerard Lacey (sa lár) a fuair Gradam Nuálaíochta na Tríonóide in éineacht leis an bPropast, An Dr Patrick Prendergast agus an Déan Taighde, An tOllamh Vinny Cahill.

Thacaigh an rannóg Fiontraíochta le 49 iarchéimí agus taighdeoir ar an gClár Fiontraíochta.

Bronnadh Gradam Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide 2011 ar an eolaí ríomhaireachta de chuid Choláiste na Tríonóide agus an fiontraí, an Dr Gerard Lacey. Bunaíodh dara mac-chuideachta an Dochtúra Lacey, Glanta Ltd, i 2010 chun tráchtálaíocht a dhéanamh ar an gcóras oiliúna sláinteachais láimhe SureWash, a forbraíodh i rith taighde cúig bliana i gColáiste na Tríonóide. Is tacadóir agus inspreagthóir gníomhach na fiontraíochta é an Dr. Lacey.



6. ACMHAINNÍ DAONNA

Tacaíonn feidhm Acmhainní Daonna Choláiste na Tríonóide leis an gColáiste a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach trí earcú, coinneáil agus forbairt daoine den chéad scoth.

Chun seachadadh éifeachtach na seirbhísí seo a chinntiú, tá Acmhainní Daonna eagraithe i gceithre phríomhréimse – eadhon Earcaíocht, Pleanáil Foirne agus Párolla, Caidrimh Foirne agus Forbairt Foirne.

6.1 Creat Rialaithe Fostaíochta

Ar fheithreamh leasaithe ar an gCreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) a chuaigh in éag i Nollaig 2010, d'fheidhmigh an Coláiste in aghaidh cúlra neamhchinnteachta maidir le hearcú foirne. I Márta 2011, eisíodh ECF leasaithe don earnáil Ollscoile, agus mar fhreagairt ar roinnt mhaithhe cáinte laistigh agus lasmuigh den earnáil HE, eisíodh ECF a raibh tuilleadh leasaithe déanta air i Meitheamh 2011.

Shocraigh Bord an Choláiste, tar éis dó an ECF nua a athbhreithniú, agus comhsheasmhacht an ECF leasaithe leis na socruithe eatarra do rialú fostaíochta ar aontaigh sé cheana á cur san áireamh, go raibh sé toilteanach feidhmiú laistigh dá théarmaí. Maidir leis an uasteorainn mholta ar líon na foirne le maoiniú lárnach, déantar é seo ar bhonn deonach, ag féachaint d'fhorálacha Acht na nOllscoileanna 1997. Bhain an Coláiste a sprioc uasteorainn fostaíochta Nollaig 2010 de 1775 fla (fte) amach, agus faoi théarmaí an ECF 2011 d'oibrigh i 2010/11 chun laghdú eile de 20 fte a bhaint amach faoi dheireadh Nollaig 2011.

Thug an Bord ar aird freisin go ndéantar soláthar i gcreat 2011 d'ardaithe céime, ní hionann agus ECFanna roimhe seo. Ach tá roinnt ceanglas comhlíonta ann a bhaineann le cóimheá cuí a choinneáil idir grádanna, atá ceaptha srianadh pá agus dliteanais phinsin a chinntiú.

Tá forálacha suntasacha nua i ECF 2011 maidir le maoiniú dliteanais phinsin sa todhchaí: tá aon phost nua a chruthaítear, nach bhfuil maoinithe ó acmhainní lárnacha, faoi réir ag muirear rannaíochta pinsin fostóra de 20% de phá comhlán. Tá impleachtaí suntasacha costais aige seo do phoist a maoinítear ó na foinsí seo, agus ardaíonn saincheisteanna suntasacha próisis agus riaracháin a chaithfear a bhreithniú i mbuiséadú, i gcutasáíocht, i dtaifeadh agus i dtuairisciú do chineálacha éagsúla fostaíochta. Cuireadh tús le hobair chun scóip na rannaíochta seo, agus a riaradh, a shoiléiriú i 2011.

Níl pearsanra ná córas párolla an Choláiste leagtha amach chun déileáil leis an tuairisciú casta atá riachtanach anois. Tá an Oifig HR tar éis a nósanna imeachta a chur in oiriúint le dul i ngleic leis an bhfadhb seo agus lena chinntiú gur féidir líon foirne cruinn a thuairisciú ar fhógra réasúnta gearr.

6.2 Foireann an Choláiste

I gcomhthéacs tuilleadh laghduithe ar leibhéil mhaoinithe, thug an Coláiste, faoi stiúir an Ghrúpa

Pleanála, faoi bhabhta eile bearta sábhála costais agus ginniúna ioncaim. Maidir leis an sábháil chostais agus costais phá, cuireadh an bhéim ar na poist sin atá riachtanach do mhisean acadúil an Choláiste a chaomhnú, de réir ceanglas an ECF. Sa chás ina raibh laghduithe ar an líon foirne, bhí sé dosheachtanta nach mbeadh tionchar aige ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, ach rinne an Coláiste iarracht é seo a íoslaghdú trí úsáid Chomhaontaithe Seirbhísí Poiblí chun tabhairt isteach athraithe a éascú, agus trí athsholáthar tosaíochta agus cinní neamh-athsholáthair maidir le folúntais intuatha. Chomh maith leis seo, áfach, íoslaghdaíodh impleachtaí dá leithéid trí dhea-thoil agus comhoibriú a léirigh an fhoireann agus iad ag dul i dtaithe ar na bearta sin ar bhealaí éagsúla, agus chinntigh sé seo gur íoslaghdaíodh an tionchar a bhí ag laghduithe leibhéil fostaíochta agus maoinithe ar ghníomhaíochtaí an Choláiste.

Poist New Blood

Tar éis gur éirigh chomh maith sin leis an gclár Ussher 'new blood' a tugadh isteach i 2010, fógraíodh an dara glaoh. Ceadaíodh trí phost dhéag le líonadh agus bronnadh trí cinn acu ar Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Soisialta, ceithre cinn ar Dhámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta, dhá cheann ar Dhamh na nEolaíochtaí Sláinte agus ba cheapachán comhDámh iad ceithre cinn. Ón dara glaoh seo ceapadh seachtar iarrthóir roimh dheireadh na bliana acadúla 2010/11.

Earcú Ollúna

D'fhógair an Coláiste 12 ceapachán Ollúna i rith na bliana acadúla 2010/11, ach níor líonadh ach seacht gcinn go rathúil, ar ionann é seo agus ráta rathúlachta 58%. Tuairiscíodh thar na dámha gur chuir an staid eacnamaíochta náisiúnta, go háirithe maidir le luach saothair laistigh den earnáil phoiblí agus an neamhchinnteacht ghinearálta a bhain le maoiniú taighde, bac ar iarrthóirí.

Bhí sé cinn de na 12 post i Scoil an Leighis. Ba Ollúnta comhairleacha acadúla nuabhunaithe trí cinn de na sé cinn ag éirí as moltaí thuarascál Fottrell. Tá na hOllúnta seo cómhaoinithe ag na hearnálacha oideachais agus sláinte. Líonadh ollúna le Haemaiteolaíochta agus Neifreolaíochta araon, agus lean an próiseas earcaíochta d'Ollamh le Leigheas Maolaitheach isteach sa chéad bhliain acadúil eile. Tugadh Ollúnacht Shiciatrachta Leanáil agus Ógánach agus gradam deontas Gabriel Stokes chun críche go rathúil agus tá ceapachán an Ollaimh-Chomhairleora i nGaistreintreolaíocht ar siúl i gcónaí.



I nDámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, réachtáladh trí phróiseas roghnúcháin Ollúnachta. Chuaigh na hiarrthóirí rathúla d'Ollúnacht Samuel Beckett i nDráma agus i Léann na hAmharclannaíochta agus d'Ollúnacht Eolaíochta Néarchórais Cognaíoch an Aosaithe i mbun oibre ar 1 Meán Fómhair 2011. Ta an Ollúnacht atá fágtha, Ollúnacht mhaoinithe AIB i dTaighde Luath-Óige, le fógairt arís sa

bhliain acadúil atá ag teacht, toisc nár aithníodh aon iarrthóir rathúil.

I nDámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí, réachtáladh trí chomórtas, dhá cheann sa Mhatamaitic (nár líonadh), agus an Ollúnacht i nGeolaíocht agus sa Mhianreolaíocht (1843), ar cuireadh tús leis ar 1 Meán Fómhair 2011.



7. TIONSCNAIMH NUA SA CHOLÁISTE AGUS PRÍOMHIMEACHTAÍ

Bhí roinnt tionscnamh nua agus príomhimeachtaí sa Choláiste i rith na bliana acadúla 2010/11.



Casann a Soilse Banríon Eilís II le mic léinn an Choláiste

Ar 17 Bealtaine 2011 thug A Soilse Banríon Éilís II agus a Mhórgacht Diúc Dhún Éideann cuairt ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a bhunaigh an Bhanríon Éilís I. In ómós na cuairte ríoga d’óstaigh an Propast, an Dr John Hegarty fáiltiú sa Seomra Fada i gColáiste na Tríonóide atá lonnaithe i bhfoirgneamh Seanleabharlainne an Choláiste ón 18ú céad.

Agus sárthaispeántas comhaimseartha d’Éirinn á sholáthar, bhuail an Bhanríon le daoine d’fhoireann Choláiste na Tríonóide, de na mic léinn agus den phobal acadúil mar aon le hionadaithe ó na heolaíochtaí, leigheas, na healaíona, na daonnachtaí agus cultúir ó Choláiste na Tríonóide agus ón earnáil ollscoile níos leithne in Éirinn chomh maith leo siúd ó phríomhinsti-tiúidí agus ón tsochaí agus baill den phobal áitiúil. Leag na grúpaí béim ar réimsí ina mbaineann Éire barr feabhais amach: eolaíochtaí beatha agus bitheolaíochta; ceol agus na hamharcealaíona; litríocht agus an amharclann; stair agus cultúr; eolaíochtaí fisiciúla; comhshaol agus fuinneamh; leigheas; polaitíocht agus an tsochaí.

Bhreathnaigh A Chaoin-Mhórgacht, Prionsa Albert II Mhonacó ar Leabhar Cheanannais sa tSeanleabharlann, bhuail sé le mic léinn Choláiste na Tríonóide agus bhí an deis aige dul i ngleic le príomhthaighde na hollscoile le linn a chuartha ar an gColáiste i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2011 ar ócáid chomóradh 50 bliain cuairt stáit a thuismitheoirí ar Éirinn. D’fhógair A Chaoin-Mhórgacht bunú Chomhaltacht Taighde an Bhanphrionsa Grace i gColáiste na Tríonóide.

Toghadh an tOllamh Patrick Prendergast mar Phropast ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath an 1 Aibreán 2011. Ollamh le Bithinnealtóireacht agus iar-LeasPhropast/Príomhoifigeach Acadúil i gColáiste na Tríonóide, ba é an chéad Phropast-tofa tar éis gur thogh foireann agus mic léinn Choláiste na Tríonóide é. Tá téarma deich mbliana ag Propast ina mbíonn sé freagrach as an gColáiste a threorú lena mhisean lárnach san oideachas agus sa taighde a bhaint amach, agus as a staid a neartú mar phríomhollscoil na hÉireann ar an stáitse domhanda. Bíonn ról lárnach ag an bPropast freisin i saol coláisteach



agus in aeráid chultúrtha an Choláiste, agus i leanúint le caidreamh gníomhach Choláiste na Tríonóide leis an tsocai. Thug 43ú Propast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Dr John Hegarty a théarma oifige deich mbliana chun críche ar 29 Iúil 2011.

D'oscail Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, 'Ireland in Turmoil: the 1641 Depositions,' taispeántas chun feacht a mhúscailt faoi cheann de na himeachtaí is fuilte agus is trámaí i stair na hÉireann d'fhonn tuiscint níos mó a spreagadh idir na traidisiúin éagsúla ar oileán na hÉireann, sa Seomra Fada, an tSeanleabharlann i nDeireadh Fómhair 2010. Labhair an Dr. Paisley ag oscailt an taispeántais freisin. Seoladh Teistíochtaí 1641 a bhí scríofa amach agus digitithe, fianaise ó fhinnéithe de shléachtanna foréigeanacha Éirí Amach 1641, ar líne freisin mar acmhainn a bhí ar fáil saor in aisce ag an bpobal. Is críoch an acmhainn ar líne ar chomhthion-scadal taighde trí bliana idir TCD agus Ollscoileanna Aberdeen agus Cambridge, a bhain úsáid as an teicneolaíocht taighde is deireanaí.

Rinne Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 300 bliain de bhunú Scoil an Leighis a cheiliúradh i 2011. Bhí clár imeachtaí ag comóradh an trí chéad bliain ar siúl i rith na bliana agus áiríodh ann taispeántas sa tSeanleabharlann 'The Best Doctors in the World are Doctor Diet, Doctor Quiet, and Doctor Merryman', díospóireacht mac léinn, sraith de léachtanna don Trí Chéad Bliain in ospidéal chleamhnaithe agus ag comhdháil eolaíochta idirnáisiúnta.

I gcomhcheiliúradh le 300 bliain de Luibheolaíocht, de Cheimic agus den Leighias i gColáiste na Tríonóide a cheiliúradh d'oscail an Dr Henry Oakeley, Comhalta Gáirdín ag an Royal College of Physicians of London gáirdín Fisice nua ar phríomhchamps Choláiste na Tríonóide. Tá seasca planda ar ábhar suime leighis iad sa gháirdín agus tá d'aidhm aige béim a leagan ar na háiteanna as a dtagann roinnt cógas. Reáchtáil Scoil na Luibheolaíochta dhá imeacht speisialta freisin lena n-áiríodh seoladh an leabhráin *Trees of Trinity College* agus léacht phoiblí ón Ollamh le Luibheolaíocht in Ollscoil Oxford University, Liam Dolan ar 'Botany: Seeding the Future'.

Rinne Coláiste na Tríonóide 50 bliain de bhailiú, léiriú agus de chur chun cinn ealaíne idirnáisiúnta agus Éireannaí nua-aimseartha agus comh-aimseartha a cheiliúradh, go háirithe i scéim Pictiúr ar Cíos de chuid Ghailearaí an Choláiste, a bunaíodh i 1959/60 agus atá fós ar siúl sa lá atá inniu ann. Ceadáionn an scéim do mhic léinn agus do dhaoine den fhoireann a bhfuil seomraí agus oifigí ar an gcamps acu caidreamh a bheith acu le healaín i rith a ngnáthshaoil.

Seoladh an bhliain chomórtha le taispeántas comhoibríoch speisialta á chomhchoimeád ag Coimeádaí Bailiúcháin Ealaíne an Choláiste, Catherine Giltrap, agus foireann Áiléar Dhubhghlas de hÍde, éalaíontóirí comhaimseartha Éireannacha a bhí ag teacht chun cinn á neas-suí in aghaidh saothair ó ealaíontóirí nua-aimseartha na 20ú haoise a bhfuil tionchar acu agus a bhí gníomhach i rith na ndeichbhlianta múnlaiteacha de bhailiúcháin nua-ealaíne Choláiste na Tríonóide. Bhí taispeántas ina dhiaidh sin de bhuaicphoinntí idirnáisiúnta agus Éireannacha araon ó na bailiúcháin san Acadamh Ibeirneach Ríoga agus clár d'imeachtaí gaolmhara a raibh leabhar comórtha ag dul leis 'George Dawson: An Unbiased Eye. Modern and contemporary art at Trinity College Dublin since 1959', ar thacaigh an alumni trí Chumann agus lontaobhas Choláiste na Tríonóide leis.

In Eanáir 2011 fógraíodh go mbeadh scríbhneoirí, foilsitheoirí, cumadóirí agus saineolaithe i dteicneolaíochtaí cruthaitheacha ag dul i bpáirt le TCD mar ollúna agus léachtóirí taca mar chuid de Thionscnamh nua na nEalaíon Cruthaitheacha, na dTeicneolaíochtaí agus an Chultúir (CATC) de chuid Choláiste na Tríonóide. Áiríodh triúr de phríomhchumadóirí na hÉireann orthu siúd a ceapadh faoin gcur chuige nua dinimiciúil i leith CATC, an drámadóir Michael West a raibh duaiseanna bainte aige, an cumadóir Bill Whelan, agus Stiúrthóir Taighde de chuid Disney, Jessica K. Hodgins. Tháinig an t-údar rathúil, Sir Terry Pratchett ar an bhfoireann freisin mar Ollamh taca i Scoil an Bhéarla faoi Thionscnamh CATC. Tabharfaidh na saineolaithe clúiteacha seo máistir-ranganna do mhic léinn Choláiste na Tríonóide agus rachaidh siad i mbun comhthaighde i measc gníomhaíochtaí eile mar chuid dá n-ollúntachtaí agus léachtóireachtaí taca nua thar an chéad trí bliana eile.

Ceapadh an Dr Catherine Morris mar Chomhordaitheoir Cultúrtha Leabharlann Náisiúnta na hÉireann/Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is é seo an chéad chomhcheapachán dá leithéid in Éirinn. Mar chuid de thionscnamh ceannródaíoch CATC agus straitéis Oideachais agus For-Rochtana na Leabharlainne Náisiúnta, is leibhéal nua comhpháirtíochta agus caidreamh struchtúrtha é idir ollscoil Éireannach agus mórinstitiúid chultúrtha. Agus aitheantas á thabhairt do shaibhreas na nasc atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann, don saineolas agus do na bailiúcháin, agus iad i bhfoisceacht a chéile i gcroílár chathair Bhaile Átha Cliath, cuireann an ceapachán tiomantas an dá institiúid in iúl chun samhail chomhoibríoch nua dinimiciúil oideachais, taispeántais, chleachtais agus taighde san oidhreacht chultúrtha a chruthú.

TIONSCNAIMH NUA SA CHOLÁISTE AGUS PRÍOMHIMEACHTAÍ

Is tionscnamh é Líonra Gairme Alumni Choláiste na Tríonóide, a seoladh i 2010, atá dírithe ar chuidiú le alumni an Choláiste agus athrú gairme á bheartú acu le linn na gcúinsí eacnamaíochta dúshlánach reatha. Reáchtálann sé clár pléití painéal, ceardlanna, comhairle faoi ghairm agus deiseanna líonraithe dá gcéimithe ar bhonn bliantúil. Forbraíodh an tionscnamh seo tuilleadh i mBealtaine 2011 nuair a seoladh áis ar líne nua dírithe ar mhic léinn, an *Career Network*. Tá sé d'aidhm ag an acmhainn seo rochtain ar phobal ar líne a sholáthar do mhic léinn Choláiste na Tríonóide agus éascaíonn pleanáil gairme agus taighde do mhic léinn trí chur ar a gcumas nascadh go díreach le alumni, leas a bhaint as a dtaithe agus comhairle a fháil i réimsí ábhartha don mhac léinn.

Seoladh Polasaí Comhionannais nua an Choláiste in Aibreán 2011. Tá sé d'aidhm ag Coláiste na Tríonóide timpeallacht uileghabhálach a sholáthar a spreagann comhionannas agus éagsúlacht luachanna. Is beartas ilchodach é an Beartas Comhionannais a chuimsíonn saincheisteanna comhionannais na foirne, na mac léinn agus úsáideoirí seirbhísí laistigh den chreat a chuireann na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, na hAchtanna um Stádas Comhionannais agus an tAcht um Míchumas ar fáil. Is é an cuspóir atá aige cur síos a dhéanamh ar thiomantas an Choláiste do chur chun cinn comhionannais i ngach gné de ghníomhaíocht an Choláiste: fostaíocht, oideachas agus soláthar seirbhíse; agus mionsonrú a thabhairt ar an gcaoi a chuirfear na tiomantais seo i bhfeidhm.

Tá faoi chlár an Chiste Comhionannais, a bhunaigh an Coiste Comhionannais, tionscnaimh chomhionannais a éascú agus éagsúlacht i ngach réimse den Choláiste a spreagadh agus a cheiliúradh. I 2010/11 thacaigh sé le 16 tionscadal foirne agus mac léinn faoi na téamaí 'Plural identities: beyond stereotyping', 'Enriching the inclusive College community', 'Treat others as they would like to be treated', 'Supporting Dignity and Respect', 'Building equal participation- envisaging the future', agus 'Silent, silenced or private?'

Seoladh *Uirlis Féin-Bhainistíochta* a d'fhorbair seirbhís Unilink an Choláiste chun cuidiú le mic léinn a raibh deacrachtaí meabhairshláinte acu i Márta 2011. Spreagann an *Uirlis Féin-Bhainistíochta* cothromaíocht níos fearr idir gníomhaíochtaí acadúla agus sóisialta na mac léinn trí chuidiú leo tarraingt ar eispéiris roimhe seo agus straitéisí déileála nua a fhoghlaim. Tá sé d'aidhm ag an uirlis cuidiú le mic léinn monatóireacht a dhéanamh ar a meabhairshláinte féin trí iompair, thuircir agus chomharthaí rabhaidh nach raibh siad ar fónamh, a aithint.

Sheol Coláiste na Tríonóide acmhainn ar líne nua do mhic léinn bodhra nó dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu, www.ds3.ie, ar ócáid *Roghanna Níos Fearr*, fóram eolais ar roghanna ard-oideachais do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste a d'óstaigh TCD i 2011.

Fógraíodh go raibh an Roinn Tís ar cheann de na hiomaitheoirí deiridh don chomhartha Q do Chórais Bhainistíochta Cháilíochta ag searmanas Ghradam an chomhartha Q Náisiúnta 2011. Ba í seo an chéad uair ag Coláiste na Tríonóide páirt a ghlacadh san imeacht a bhfuil d'aidhm aige tiomáint, tiomantas agus éacht na gcuideachtaí ainmnithe go léir atá tiomanta seirbhísí cáilíochta a sholáthar in Éirinn a cheiliúradh.

Ba é Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide, foirgneamh a dhear na hAiltirí McCullough Mulvin, a bhain an Catagóir Oideachais ag gradaim ailtireachta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI). Bronnadh sé ghradam déag sna catagóirí éagsúla ag an imeacht a reáchtálann an RIAI. Is í aidhm gradaim an RIAI éagsúlacht agus cáilíocht na hAiltireachta Éireannaigh comhaimseartha a chur ar a súile don phobal.

Bhain Roinn Soláthair Oifig an Chisteora an gradam *Nuálaíocht i Soláthar Poiblí* ag na Gradaim Sholáthair Náisiúnta bunaidh i Samhain 2010. Is clár gradam nua é na Gradaim Sholáthair Náisiúnta a aithníonn sármhaith-eas sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha in Éirinn, agus a tharraingíonn aird dhearfach ar na gníomhaíochtaí soláthair a dhéantar.

8. CLÁR FORBARTHA CAIPITIL

I rith 2010/11 tugadh Insitiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh chun críche agus leanadh leis an obair ar thógail The Lir, National Academy of Dramatic Art (an tAcadamh Náisiúnta Drámaíochta). Thug an Coláiste athchóiriú 7-9 Sráid Laighean Theas (a dtugtaí Teach Phoenix air roimhe seo) chun críche.



8.1 Tionscadail Curtha I gCrích

Forbairt Eolaíochtaí Bithleighis

D’oscail an Taoiseach, Enda Kenny, TD, Institiúid Eolaíochta Bithleighis Choláiste na Tríonóide go hoifigiúil an 17 Meitheamh 2011. Tá an Institiúid ar cheann de na tionscadail is uailmhianaí ar thug an Coláiste faoi riamh, ó thaobh scála agus straitéise araon agus léiríonn sé an dara céim d’Fhorbairt Dorchla an Phiarsaigh de chuid Choláiste na Tríonóide. Tabharfaidh an foirgneamh aon stór déag (35,000 m.cear.), foirgneamh a chosain €131 milliún, 700 taighdeoir le chéile in aon fhoirgneamh amháin agus an sprioc choitianta acu aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin sláinte agus galair trí thaighde eolaíoch ceannródaíoch.

Fuair an tsaoráid maoiniú stáit €80 milliún faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, cómhaoinithe ag an ERDE, agus maoiniú oideachas leighis ón bPlean Forbartha

Náisiúnta 2007-13, an chuid eile á maoiniú ag an gColáiste. Beidh taighde ó chúig scoil ar siúl sa tsaoráid nua: Leigheas, Bithcheimic agus Imdhíoneolaíocht; Cógaisíocht agus na hEolaíochtaí Cógaisíochta; Ceimic; agus Innealtóireacht, ag comhoibriú ar thaighde san imdhíoneolaíocht, san ailse agus i bhfeistí leighis don chéad ghlúin eile. Tá Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide tógtha thart ar thrí ionad taighde idircheangailte, an tIonad Taighde Imdhíoneolaíochta, an tIonad d’Fhionnachtain Drugaí don Ailse agus an tIonad do Theicneolaíochtaí Feistí Leighis.

Beidh Scoil an Leighis lonnaithe san Institiúid freisin, áit a reáchtáilfear an t-oideachas leighis réamhchliniciúil, oiliúint agus taighde d’fhochéimithe.

Ní hionann agus an tsamhail ollscoile thraidisiúnta, oibreoidh taighdeoirí Choláiste na Tríonóide taobh le

CLÁR FORBARTHA CAIPITIL

tionscal trí sholáthar spás comhoibríoch acadúil-tionscal tiomanta agus tráchtála saotharlainne. Tá 3,000 m. cear. de shaotharlann fhliuch iarghoir tiomanta san fhoirgneamh, rud atá molta ag an Tascfhórsa Nuálaíochta, a chuireann an t-infreastruchtúr riachtanach réidh don taighde ar fáil chun fás na hearnála bitheicneolaíochta dúchasáí agus mealladh infheistíochta dhíri eachtraí nua sa réimse seo a éascú.

Tá an fhorbairt seo lámh le Stáisiún Traenach an Phiarsaigh agus inchorpraítear bealach isteach nua don stáisiún sa dearadh. I dteannta an spáis saotharlainne do chomhoibrí acadúil-tionscail, áireofar siopaí agus cóiríocht oifige sa spás tráchtála.

Tionscadail eile

Áirítear ar thionscadail chaipitil eile a rinneadh i rith na bliana acadúla athchóiriú ar fhoirgneamh i Sráid Laighean Theas chun cóiríocht a chur ar fáil do Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Uirlabhra agus Cumarsáide agus do Lárionad Léann na mBodhar agus Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn; dhá thionscadal ar leith chun na saoráidí taighde agus teagasc don Mhicribhitheolaíocht in Institiúid Moyne a uasghrádú agus a leathnú; agus tionsadail feabhsaithe tailte.

8.2 Tionscadail Tógála

The Lir, National Academy of Dramatic Art

I Méan Fómhair 2010, cuireadh tús le hobair ar thionscadal a mhaoinítear go seachtrach chun roinnt de na haonaid tionscail a bhí ann roimhe seo ar Champas Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Choláiste na Tríonóide a athchóiriú agus a leathnú chun áit a chur ar fáil don Lir National Academy of Dramatic Art i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Forbraíodh The Lir i gcomhar le hIon-taobhas Chathal Ryan agus an Royal Academy of Dramatic Art (RADA), agus beidh sé réidh chun glacadh le mic léinn i Meán Fómhair 2011. Beidh saoráideanna mar stiúideo bosca dhuibh atá iomlán solúbtha, ceardlann theicniúil, stiúideo damhsa, seomraí réamhchleachtaidh, cleachtaidh agus teagasc, seomra feistis/ceardlann, café/beár agus Oifig Díolacháin san áireamh san fhorbairt.

Saoráid Taighde Chliniciúil Ion-taobhas Wellcome Trust-HRB

Sa bhliain 2009, a bhuíochas do chomhaontú trípháirtí idir Coláiste na Tríonóide, Ion-taobhas Wellcome Trust agus Ospidéal Naomh Séamas, bhíothas in ann Saoráid Taighde Chliniciúil a thógáil in Ospidéal Naomh Séamas. Tá an próiseas tairiscintí don chonradh seo curtha i gcrích agus tosóidh obair ar an láthair go deireanach i 2011. Áireofar ar an tsaoráid 10 leaba i spás de 1,300 méadar cearnach, agus beidh limistéir shonracha ann don taighde

cliniúil áit a ndéanfar fiseolaíocht chleachtaidh, néarfiseolaíocht agus teiripí géine agus móilíneacha. Beidh sé buailte le trí Tesla MRI (Ionad d'Ard-íomháú Leighis) arna mhaoiniú ag HRB agus beidh Institiúid Choláiste na Tríonóide d'Eolaíochtaí Cardaitshoithíochá arna mhaoiniú ag Ion-taobhas Shráid Bhagóid comhlonnaithe san fhoirgneamh céanna. Beidh an tsaoráid seo ar oscailt i rith 2013.

Ionad Choláiste na Tríonóide ag Ospidéal Thamhlachta, Céim 2

Leanann an Coláiste ar aghaidh ag obair ar phleanáil agus ar thiomsú airgid chun tacú le Institiúid Sláinte an Daonra, a bhaineann le hIonad Choláiste na Tríonóide ag AMNCH i dTamhlacht a chur ar fáil. Tá dul chun cinn maith déanta ar mholtaí maidir le trí urlár d'fhoirgneamh a cheannach agus a chóiriú don Institiúid.

Cosáin Inrochtana sa Chearnóg Thosaigh

Go deireanach i 2010, chuir an Coláiste tús le tionscadal chun cosáin inrochtana a chur ar fáil thar na réimsí duirleogacha tríd an gCearnóg Thosaigh. Nuair a thabharfar chun críche é, cuirfidh na cosáin seo bealaí inrochtana ar fáil ón bpríomhbhealach isteach ó Fhaiche an Choláiste go dtí na foirgnimh uile sa taobh thiar stairiúil den Choláiste. Cuireann na cosáin nua seo go mór le hinrochtaineacht an Choláiste agus téann go mór chun tairbhe na mac léinn, na foirne agus cuairteoirí maolghluaiste go dtí an Coláiste. Tá an tionscadal seo, atá á mhaoiniú ó Leithdháileadh Caipitil Seirbhísí Míchumais, le tabhairt chun críche do thús na bliana acadúla nua 2011/2012. Cuirfear leis na cosáin inrochtana trí bhealach áirseach Teach Regent go dtí geata Fhaiche an Choláiste, agus isteach i gCearnóg na gComhaltaí i 2012.

Áiteanna Cónaithe Breise do Mhic Léinn

D'aithin Coláiste na Tríonóide riachtanas tosaigh de 1,000 aonad cónaithe do mhic léinn agus éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann do 2,500 aonad cónaithe breise a chuirfidh ar a chumas an leibhéal de chóiríocht chónaithe do mhic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta a mhéadú. Tá roghanna chun freastal ar an riachtanas seo á n-íniúchadh.

Forbairt Shráid an Phiarsaigh

Cuimsíonn plan an Choláiste d'athchóiriú a chuid maoine ar Shráid an Phiarsaigh forbairt céimnithe d'fhoirgnimh nua ar an taobh ó thuaidh de pháircéanna spóirt an Choláiste agus athchóiriú tithe sraithe coinnithe ón naoú aois déag feadh teorann thuaidh an Choláiste. Meastar gur 18,400 m.cear. a bheidh san fhorbairt chríochnaithe (lena n-áirítear 4,400 m.cear. de réimse foirgneamh coinnithe/athchóirithe).



Tá clár ama na forbartha seo ag braith ar infhaighteacht airgeadais agus ar thosaíochtaí forbairtí caipitil straitéiseacha an Choláiste.

Plean Forbartha

Ghlac Bord an Choláiste le Plean Forbartha a aithníonn scála agus treo na mórforbairtí sa todhchaí do Choláiste na Tríonóide thar an chéad 10 – 20 bliain eile i Márta 2011. Cuireann an plean san áireamh méaduithe beartaithe ar líon na mac léinn agus ar ghníomhíocht acadúil, agus na príonsabail ar leith maidir le spás atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach an Choláiste 2009-2014. Is príomghné den Plean Forbartha é cur ar fáil ceathrúna den Choláiste d'fhorbairt agus do chomhdhlúthú réimsí gníomhaíochta acadúla gaolmhar.

8.3 Caomhnú Fuinnimh

D'ídigh Coláiste na Tríonóide 35.7 milliún kWh leictreachais agus 38.07 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola i rith 2010/11. Tagann méadú ar ídiú ó bhliain go bliain de thoradh seilbh a bheith glactha ar na foirgnimh nua. Mar chuid de thiomantas an Choláiste do chaomhnú fuinnimh, inchorpraíonn Institiúid nua Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide gléasra tríghiniúna a chuirfidh cumhacht leictreach, teas agus fuarú ar fáil don fhoirgneamh ar bhealach costéifeachtach. Cuireadh obair

leanúnach ar thionscadail athchóirithe agus laghdú fuinnimh i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a fheabhsú agus a laghdú. Chuir an clár laghdaithe fuinnimh córas monatóireachta agus spriocdhírthe (M&T) ar bun d'fhoirgnimh roghnaithe, agus d'oibrigh ansin leis an ídiú fuinnimh iontu a laghdú. Leathnaíodh an tionscadal chun breis agus 75% d'ídiú fuinnimh an choláiste a chlúdach. Is iad cuspóirí Choláiste na Tríonóide an coigealtas fuinnimh atá déanta cheana a choinneáil, agus leanúint orthu ag obair chun ídiú fuinnimh a chuid foirgneamh a laghdú agus pleanáil ar siúl chun caomhnú fuinnimh in aon fhoirgneamh nua atá beartaithe a uasmhéadú.

Leanann Coláiste na Tríonóide air ag obair lena chomhghleacaithe sa ghrúpa e3 a chuimsíonn UCD, DCU agus DIT, agus leis an tSeirbhís Sholáthar Fuinnimh Náisiúnta chomh maith, agus úsáid á baint as comh-chumhacht ceannaigh chun na tairiscintí is fearr leictreachais agus gáis a fháil ó sholáthraithe. Leanann Coláiste na Tríonóide air ag fáil céatadán mór dá leictreachas ó sholáthraithe a úsáideann leictreachas in-athnuaite ginte ón ngaoth. Is bealach éifeachtach an cur chuige seo, mar aon leis na bearta a bhfuil cur síos orthu thuas, chun astaíochtaí CO₂ a laghdú go mór.



9. TIOMSÚ AIRGID

Tá todhchaí Choláiste na Tríonóide ag brath go príomha ar a dhaoine – foireann agus mic léinn – chomh maith le hinfheistiú sa teagasc, taighde, nuálaíocht agus for-rochtain.

Is gá maoiniú suntasach má tá an Coláiste chun a sheasamh a dhearbhu mar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan. Chuige seo, tiomsaíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide airgead ó alumni agus ó chairde an Choláiste.

Anois níos mó ná riamh, tá sé soiléir, má theastaíonn ón gColáiste ionadaíocht dhomhanda a dhéanamh thar ceann na hÉireann, nach féidir linn brath ar mhaoiniú Stáit amháin – tá aimsiú tacaíochta príobháidí níos riachtanaí ná riamh do thodhchaí Choláiste na Tríonóide. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2010 go 30 Meán Fómhair 2011, fuarthas €15.1 milliún i ndeontais phríobháideacha (€14.5 milliún i 2009/10). Féadtar tairbhí na tacaíochta príobháidí seo a fheiceáil ar fud an Choláiste.

Tá pleanáil don chéad chéim eile den tiomsú airgid ar bun, i gcomhar le Straitéis Chaidrimh Dhomhanda an Choláiste atá á forbairt faoi láthair. Cinnteoidh sé seo go dtacaíonn gníomhaíochta na Fondúireachta níos fearr le Plean Straitéiseach nua an Choláiste don tréimhse 2009-14 agus ina dhiaidh. Ar na príomhthionscadail reatha tá:

- Cur i gcrích an mhaoinithe don Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis ar Shráid an Phiarsaigh
- Athchóiriú na Leabharlainne agus saoráidí taighde Daonnachtaí níos leithne
- Foirgneamh Nua do Scoil an Ghnó
- Forbairt tógála ar Chúinne Thoir Theas an champais

- Tionscadail éagsúla a thacaíonn le téama an Choláiste ‘Engagement with Society’, mar chlár an Áiléar Eolaíochta agus sparánachtaí do mhic léinn ar Chlár Inrochtana Choláiste na Tríonóide (TAP)
- Roinnt ollúntachtaí agus léachtóireachtaí sna trí dhámh.

Tá an obair iontach a rinne roinnt mhaith grúpaí d’oibríthe deonacha chun tacú le Coláiste na Tríonóide i gcoilár rath tiomsaithe airgid an Choláiste, lena n-áirítear Cumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Bord Comhairleach na Scoile Gnó, Bord Comhairleach na Scoile Innealtóireachta, Bord Comhairleach Seachtrach Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide, Bord Trí Chéad Scoil an Leighis, Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide, Bord Rialaithe an Áiléar Eolaíochta, Bord Comhairleach na gClasaicí, Coiste Bainistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Míchumas Intleachta, Bord Comhairleach Thionscnamh na hÁise Theas, Ciste SAM agus Iontaobhas RA. Tugann na hoibríthe deonacha seo a gcuid ama, a n-ionchur straitéiseach agus tacaíocht shuntasach airgeadais. Tá an Coláiste thar a bheith buíoch as tacaíocht na ngrúpaí seo. Ní mór Bord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a lua go speisialta, a bhfuil ról lárnach aige i gcomhordú straitéise daonchaidriúla an Choláiste. Leanann alumni agus cairde Choláiste na Tríonóide orthu ag tacú leis an gColáiste tríd an gCiste Bliantúil, trí obair dheonach chun cuidiú leis an gColáiste agus ar an iliomad bealaí eile.



10. STAID AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2011, arna n-ullmhú ar bhonn comhchuibhithe d'earnáil Ollscoileanna na hÉireann, ar an 25 Eanáir 2012. Is éard atá sna Ráitis Airgeadais ná Cuid I de na ceanglais tuairiscithe airgeadais d'Acht na nOllscoileanna agus léirítear an chroíghníomhaíocht teagaisc/taighde neamh-mhaoinithe agus deontais taighde sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. Ní bhfuair iniúchóirí seachtracha an Choláiste KPMG go raibh aon laige ábhartha sa rialú ann agus d'eisigh siad tuairim neamhcháilithe iniúchóireachta i leith na Ráiteas Airgeadais. Déantar na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais, a léiríonn Cuid II de na ceanglais tuairiscithe airgeadais, a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasaióchta a bhfuil glacadh leo agus táthar ag súil iad a bheith i gcrích i 2012.

Ba bharrachas de €0.1m (2009/10: €0.18m) a bhí i dtoradh iarmhír na bliana, rud a léiríonn feidhmíocht airgeadais láidir i gcúinsí deacra a baineadh amach ainneoin cúlra de laghdú suntasach leanúnach ar mhaoiniú stáit i 2011. Laghdaigh ioncam iomlán (cé is moite de thaighde maoinithe) 1.6% go €192 milliún le Deontas Stáit arbh ionann é agus 37% [2010:38%], Táillí Mac Léinn 52% [2010:51%] agus ioncam Eile 11% [2010:11%]. Ag cur an 'Tionscnamh Táillí Saor in Aisce' san áireamh arna mhaoiniú ag an Stáit, b'ionann an príomhioncam iomlán arna mhaoiniú ag an Státchiste agus 65% (2010: 63%). Tháinig laghdú 3% ar an gcaiteachas iomlán go dtí €192 milliún (gan taighde maoinithe san áireamh) agus léirigh pá (cé is moite de thaighde maoinithe) 74% de chaiteachas mórán mar a bhí i 2010. B'ionann an cúltaca bunchiste carnach agus €0.25m ar 30 Meán Fómhair 2011.

Laghdaigh gníomhaíocht taighde i 2010/11 de thart ar €7 milliún (9%) thar leibhéal 2009/10 ach mhéadaigh luach conarthaí taighde nua, áfach, a síníodh i rith na bliana de 96% go €109 milliún a mbeidh tionchar acu sna chéad trí go ceithre bliana eile. Tá ráta aisghabhála costas indíreacha seasta i gcónaí ag 18%. Laghdaigh infheistíocht i ngníomhaíocht taighde ó fhoinsí státchiste beagán, ar ionann é agus 70% d'iomlán na punainne i gcomparáid le 72% sa bhliain roimhe. Cé go bhfuil an t-ionchas do mhaoiniú taighde, go háirithe infheistíocht ó fhoinsí státchiste, neamhcinnte i gcónaí, tá sé tábhachtach go leanann an Coláiste air ag cur feabhas ar rátaí rathúlachta iarratas ar dheontas, go gcuireann sé an fócas ar mhalairt bealaí i dtreo foinsí maoinithe neamh-Státchiste, agus go ndéantar aisghabháil costas indíreacha gníomhaíochta taighde a mhéadú. Lean glansócmhainní iomlána an Choláiste orthu ag fás i rith na bliana, méadú de €18 milliún go €705 milliún ar 30 Meán Fómhair 2011 agus dul chun cinn á dhéanamh ag infheistíocht chaipitil bainteach go príomha le hInstitiúid Eolaíochtaí

Bithleighis Choláiste na Trionóide, The Lir Academy of Dramatic Art agus costais athchóirithe 7-9 Sráid Laighean Theas. Rinneadh measúnaithe riosca airgeadais i rith na bliana de réir Beartas Riosca an Choláiste agus tugadh tuairisc faoi don Choiste Airgeadais.

Lean an Coláiste air go han-dúthrachtach agus go réamhghníomhach sa chaoi ina ndearna sé bainistiú ar an airgeadas, an buiséad á chomhardú i 2010/11 agus gan aon easnamh infhillteach nó caipitil carntha ar 30 Meán Fómhair 2011. Is éacht suntasach é seo nuair a chuirtear san áireamh leibhéal na laghduithe infhillteacha carnacha ar mhaoiniú a bhí ann le blianta beaga anuas agus an solúbthacht theoranta i dtéarmaí a phríomhbhonn caiteachais. Baineadh an staid seo amach trí straitéis airgeadais den chineál 'déileála' a ghlacadh – ioncam óna bhonn sócmhainne reatha á mhéadú nuair is féidir agus caiteachas á laghdú ar bhealach faille trí neamh-athsholáthar foirne agus laghdú ar na buiséid neamhphá ar fud na Scoileanna agus na Réimsí Tacaíochta, ról tábhachtach á imirt ag soláthar straitéiseach i laghdú tionchair iomláin na laghduithe i mbuiséid neamhphá faofa.

Cé go ndearna an Coláiste a ghníomhaíocht a bhainistiú laistigh de na hacmhainní buiséadacha, níl an cur chuige go dáta inbhuanaithe sa todhchaí. Cé gur fhág na gníomhartha a tógadh le blianta beaga anuas go raibh feabhas ar na réamhthuarthaí airgeadais go 2016, tá easnamh infhillteach carnach fós á réamhthuar mura ndéantar tuilleadh idirghabhála agus mura seachadaítear uirthi. Mar sin caithfidh an fócas a bheith ann i gcónaí ar na trí phríomhréimsí giniúna ioncaim neamh-státchiste – iontógáil mac léinn idirnáisiúnta, tráchtálaíocht agus daonchairdeas i dteannta laghduithe/athphróifílithe straitéiseacha i gcaiteachas pá agus neamhphá, más féidir, chun saothrú straitéisí agus spriocanna an Choláiste ar bhonn inbhuanaithe airgeadais a éascú.

Ainneoin na timpeallachta maoinithe athfhilltí laghdaithe ó 2008, cheadaigh an Coláiste infheistíochtaí in infreastruchtúr ardchaighdeán, poist acadúla Ussher, daonchairdeas, for-rochtain, institiúidí taighde, idirnáisiúnta, córais faisnéise, agus tráchtálaíocht arbh ionann iad agus c.€190 milliún agus straitéisí maoinithe faofa in áit. Faoi láthair tá staid mhaith airgeadais ar an gColáiste agus tá an acmhainn aige infheistíocht a dhéanamh i dtograí atá ag teacht le hathbhreithniú meántearma Phlean Straitéisigh an Choláiste, pleananna infheidhmithe láidre aige agus spriocanna soiléire, garspriocanna agus táirgí insoláthartha aontaithe mar aon le toradh dearfach ar infheistíocht laistigh de scála ama iomchuí.

STAID AIRGEADAIS

Bhí cur i bhfeidhm Timthriall Buiséadach Bliantúil (ABC) nua dúshlánach agus ba é a thabhairt chun críche i 2010/11 an chéad chloch chora i dtreo feidhmiú meicníochta leithdháilte acmhainne ailínithe go straitéiseach. Is é is dóigh go dtógfaidh sé roinnt blianta go mbeidh an ABC éifeachtach go hiomlán ag cur nádúr seasta móramh an bhunchaiteachais atá á idiú faoi láthair san áireamh.

Sna blianta atá romhainn, níl aon dabht ach go leanfaidh an timpeallacht airgeadais todhchaí ag cur dúshlán suntasacha ar fáil do chumas an Choláiste pleanáil go straitéiseach mar gheall ar:

- neamhchinnteacht eacnamaíoch dhomhanda
- infheictheacht theoranta ar leibhéal mhaoiniú rialtais sa todhchaí
- iontaobh as maoiniú státchiste do chroímhaoiniú agus do mhaoiniú taighde
- neamhchinnteacht faoi thabhairt isteach táillí teagaisc in athuair
- easpa samhail mhaoinithe dhinimiciúil Stáit

- gan creat comhaontaithe do sholáthar athnuachana agus athléimneachta
- bacainní ar chostas eacnamaíoch iomlán príomhghníomhaíochtaí a aisghabháil
- iomaíocht mhéadaithe in earcú mac léinn agus foirne
- cúinsí seachtracha ag dul i bhfeidhm ar choinneáil mac léinn agus foirne.

Is bliain mhaith airgeadais a bhí ann in ar éirigh leis an gColáiste a bhuiséad do 2010/11 a chomhardú i dtimpeallacht mhaoinithe atá ag crapadh. Tá staid mhaith airgeadais ar an gColáiste faoi láthair ó thaobh a acmhainn infheistíocht a dhéanamh i dtograí áirithe a chuirfidh ar a chumas seachadadh go sábháilte ar a chuspóirí straitéiseacha ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Agus an réamhfhaisnéis airgeadais á chur san áireamh, ní bheidh an Coláiste ag tarraingt na gcos agus ní mór dó díriú isteach agus seachadadh ar na spriocanna todhchaí do na trí phríomhréimsí de ghiniúint ioncaim neamh-státchiste – iontógáil mac léinn idirnáisiúnta, tráchtálaíocht agus daonchairdeas.



AGUISÍN I:


AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	2011	2010
	€'000	€'000
IONCAM		
Deontais Stáit	71,243	73,931
Táillí Mac Léinn	99,445	98,672
Ioncam Eile	20,933	22,166
	191,621	194,769
Deontais agus Tionscadail Thaighde	75,109	81,977
IOMLÁN	266,730	276,746
CAITEACHAS		
Dámha Acadúla	105,387	109,481
Seirbhísí Acadúla agus Eile	20,688	21,301
Áitreabh	25,367	26,061
Méid Leithroinnte chun críocha Caipitil	735	1,000
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	14,888	14,737
Caiteachas Oideachais Ginearálta	9,141	9,186
Seirbhísí do Mhic Léinn	5,352	5,311
Caiteachas Ilghnéitheach	9,959	10,075
Seirbhísí Acadúla agus Eile	191,517	197,152
Deontais agus Tionscadail Thaighde	75,109	79,415
IOMLÁN	266,626	276,567
Barrachas ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímhéas Sócmhainní Seasta	104	179
Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha	320	193
Dímhéas Sócmhainní Seasta	(27,269)	(28,877)
Aistriú ón gCúlchiste Ginearálta	26,949	28,684
GLANBHARRACHAS DON BHLIAIN	104	179

AGUISÍN 2:

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

	2011	2010
	€'000	€'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní inláimhsithe	776,978	792,230
Maoine infheistíochta	54,245	17,891
	<hr/> 831,223	<hr/> 810,121
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Iarmhéideanna bainc agus airgid	198,858	160,620
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	51,177	47,443
Stoic	406	372
	<hr/> 250,441	<hr/> 208,435
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe agus caiteachas fabhruithe	(238,904)	(205,450)
Iarmhéideanna bainc	(370)	(4,365)
	<hr/> (239,274)	<hr/> (209,815)
GLAN-SÓCMHAINNÍ/(DLITEANAIS) REATHA	11,167	(1,380)
DLITEANAIS FADTÉARMACHA		
Creidiúnaithe dlite tar éis bliana amháin	(137,727)	(121,663)
	<hr/> 704,663	<hr/> 687,078
ARNA LÉIRIÚ AG:		
Cúlchiste Ginearálta	704,411	686,930
Cúlchiste ioncaim	252	148
	<hr/> 704,663	<hr/> 687,078



WWW.TCD.IE



Dlí: Dlí Struchtúrach AE
na hIúirem 2007-2013

Cómhóiníte ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTURACHA AE